



Údarás na
Gaeltachta

Tuarascáil Bhliantúil
Annual Report

2023



Clár

Cé Muid Féin	4
Who we are	

An Ghaeltacht	4
The Gaeltacht	
Údarás na Gaeltachta	6
Údarás na Gaeltachta	
Bord Údarás na Gaeltachta	8
Údarás na Gaeltachta Board	
Struchtúr Bainistíochta	13
Management Structure	
Forbhreathnú	14
Overview	
Ráiteas an Chathaoirligh	18
Chairperson's Statement	

Athbhreithniú ar 2023	20
Review of 2023	

Forbairt Fiontraíochta	21
Enterprise Development	
Pleanáil Teanga	24
Language Planning	
Forbairt Pobail	26
Community Development	
Óige agus Ealaíona	30
Youth and the Arts	

Eagraíocht agus Seirbhísí	32
Organisation and Services	

Tiomantas Údarás na Gaeltachta maidir le héifeachtacht fuinnimh	40
Údarás na Gaeltachta's commitment to energy efficiency	

Tuarascáil Bhliantúil Airgeadais 2023	42
Annual Financial Report 2023	

An Ghaeltacht

The Gaeltacht

Tá ceantair fhairsinge Ghaeltachta i gcontaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus Chiarraí agus pobail níos lú i gcontaetha Phort Láirge, Chorcaí agus na Mí. Tá na ceantair Ghaeltachta sainithe ag ordúithe Rialtais agus tá sé aitheanta ag rialtais i ndiaidh a chéile go bhfuil gá le bearta, struchtúir agus maoiniú ar leith chun cothabháil na bpobal seo a chinntiú.


Cuireann an Ghaeltacht deis agus dúshlán ar fáil chun leanúnachas na Gaeilge mar theanga phobail a choinneáil beo go nádúrtha. Cuirtear timpeallacht ar fáil do dhaoine ar mian leo an Ghaeilge a bheith ar a dtail acu agus tá sí mar chuid dhílis agus inspioráideach den sprioc náisiúnta sochaí dhátheangach a bhaint amach in Éirinn.

De réir Dhaonáireamh 2016, ba é daonra iomlán na Gaeltachta ná thart ar 99,000.

The Gaeltacht covers extensive parts of counties Donegal, Mayo, Galway and Kerry and smaller communities in counties Waterford, Cork and Meath. The Gaeltacht areas are defined by Government orders and every successive government has recognised the need for specific measures, structures and funding to ensure the maintenance of these communities.

The Gaeltacht presents an opportunity and a challenge to maintain naturally the continuity of Irish as a community language. It provides the ideal environment for people who wish to become proficient in Irish and forms an integral and inspirational element of the national objective of achieving a bilingual society in Ireland.

According to the 2016 Census, the total population of the Gaeltacht was approximately 99,000.



Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta

Bunaithe in 1980 cuireann an Rialtas maoiniú ar fáil d'Údarás na Gaeltachta, údarás forbartha réigiúnaí, chun forbairt theangeolaíoch, chultúrtha, shóisialta, fhisiciúil agus gheilleagrach na Gaeltachta a chur chun cinn. Is é neartú agus buanú na Gaeilge mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta, le cois í a thabhairt mar oidhreacht don chéad ghlúin eile, an bunchuspóir atá le polasaí Údarás na Gaeltachta. Déanann an tÚdarás gach iarracht an cuspóir sin a bhaint amach trí fhorbairt fiontraíochta agus tionscnaimh chruthaithe fostaíochta a chothú agus a mhaoiniú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí straitéiseacha teagabhunaithe, pobail agus cultúrtha.

Faoi Acht na Gaeltachta 2012, tá Údarás na Gaeltachta freagrach go sonrach as cur i bhfeidhm an Phróisis Pleanála Teanga sa Ghaeltacht, rud atá ag croílár chur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030. Sa straitéis sin leagtar béim ar phleanáil chomhtháite teanga ag leibhéal an phobail, agus tá sprioc leagtha síos ann go méadófar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa Ghaeltacht faoi 25%. Tacaíonn an tAcht le ról an Údaráis mar phríomhgheallsealbhóir i bhforbairt réigiúnach na Gaeltachta agus tugann sé bunús reachtúil don Údarás ó thaobh an phróisis pleanála teanga de. Mar chuid den phróiseas seo tá an Ghaeltacht roinnte in 26 Limistéar Pleanála Teanga. Tá an tÚdarás freagrach as eagraíochtaí a roghnú chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú sna Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta.

Established in 1980, Údarás na Gaeltachta is the regional development authority funded by the Government to promote the linguistic, cultural, social, physical and economic development of the Gaeltacht. The overall objective of Údarás na Gaeltachta policy is to ensure the strengthening and maintenance of Irish as the main communal language of the Gaeltacht, along with passing it on to the next generation as a legacy. An tÚdarás endeavours to achieve that objective by fostering and funding enterprise development and job creation initiatives and by supporting strategic language, cultural and community-based activities.

Under the Gaeltacht Act 2012, Údarás na Gaeltachta is specifically charged with the implementation of the Language Planning Process in the Gaeltacht which is central to the implementation of the 20-Year Strategy for the Irish Language 2010 – 2030. The strategy places an emphasis on integrated language planning at community level and aims to increase the number of daily Irish speakers in the Gaeltacht by 25%. The Act endorses the role of Údarás na Gaeltachta as the principal stakeholder in the regional development of the Gaeltacht and provides An tÚdarás with a statutory foundation for the language planning process. As part of this process, the Gaeltacht is divided into 26 Language Planning Areas. An tÚdarás is responsible for selecting organisations to prepare and implement language plans in each Gaeltacht Language Planning Area.



Bord Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta Board



Anna Ní Ghallachair
An Cathaoirleach/
Chairperson



Mary Uí Chadhain
An Cathaoirleach/
Chairperson



John Shéamuis Ó Fearraigh



Debra Ní Shúilleabháin



Séamus Breathnach



Seán Mac Congamhna



Séamus Mac Gearailt



Ian Mac Aindriú



Eunan Mac Cuinneagáin



Seosamh Ó Laoi



Siobhán Seoighe



Gobnait Ní Mhuimhneacháin



Joe Conway



Padraig Mac Con Iomaire



Breandán Mac Gearailt



Anthony Molloy



Caitlín Ní Bhroin



Padraic Ó Conaire



Seán Ó Cuireáin



Micheál Ó Drisleáin



Máire Áine Uí Ailín



Sonya Uí Shíoda

Tá 12 chomhalta, an Cathaoirleach san áireamh, ar Bhord Údarás na Gaeltachta. Ceapann an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán na comhaltaí boird ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana, cúigear díobh ar ainmniúcháin ó údaráis áitiúla a bhfuil Gaeltacht ina gceantar feidhme. Tá Bord Údarás na Gaeltachta freagrach as straitéisí agus polasaithe ginearálta Údarás na Gaeltachta. Ceadáíonn an Bord infheistíochta, scéimeanna tacaíochta, agus ceannachán nó díolachán maoine a dhéanann an eagraíocht ar mhaithe le forbairt fiontraíochta agus cruthú fostaíochta, cur chun cinn na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh, chomh maith le forbairt phobail na Gaeltachta.

Tharla roinnt athruithe suntasacha ar an mBord i rith 2023:

- Tháinig deireadh le téarma oifige an Bhoird ar an 15 Eanáir 2023 (Nóta 1), seachas ainmniúchán Chomhairle Chontae Chorcaí, a lean ar aghaidh go dtí an 28 Feabhra 2023 (Nóta 2).
- Ar an 15 Feabhra 2023, ceapadh seachtar (7) ball nua ar an mBord (Nóta 4). Níos déanaí sa bhliain, d'éirigh duine den seachtar sin as i mí Mheán Fómhair (Nóta 3), agus ceapadh cúigear (5) ball breise (Nóta 5). Mar thoradh air seo, bhí aon bhall déag (11) ar an mBord don tréimhse ó Mheán Fómhair go Nollaig 2023.
- Le linn na tréimhse ó Fheabhra 2023 go deireadh na bliana, bhí Cathaoirleach sealadach i gceannas ar an mBord (Nóta 6).

Comhaltaí an Údaráis in 2023:

Bhí naoi (9) Chruinniú Boird san iomlán ann in 2023. Seo a leanas an tinreamh:

An Cathaoirleach

Anna Ní Ghallachair (Nóta 1)	1
Mary Uí Chadhain (Nóta 6)	9

Gnáthchomhaltaí

John Shéamuis Ó Fearraigh (Nóta 1)	1
Debra Ní Shúilleabháin (Nóta 3)	6
Séamus Breathnach (Nóta 1)	1
Seán Mac Congamhna (Nóta 1)	1
Séamus Mac Gearailt (Nóta 1)	1
Ian Mac Aindriú (Nóta 1)	1
Eunan Mac Cuinneagáin (Nóta 1)	1
Seosamh Ó Laoi (Nóta 1)	1
Siobhán Seoighe (Nóta 1)	1
Gobnait Ní Mhuimhneacháin (Nóta 2)	1

The Board of Údarás na Gaeltachta consists of 12 members, the Chairperson included. The Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media appoints the board members for a period not exceeding five years, five of whom are nominated by local authorities with a Gaeltacht in their functional area. The Board of Údarás na Gaeltachta is responsible for the broad strategies and policies of Údarás na Gaeltachta. The Board approves investments, support schemes and the purchase and sale of assets undertaken by the organisation for the purposes of enterprise development and employment creation, the promotion of the Irish language and culture, and the development of Gaeltacht communities.

The Board underwent a number of changes during 2023:

- The term of office for the Board concluded on January 15, 2023 (Note 1), with the exception of the Cork County Council nomination, which ended on February 28, 2023 (Note 2).
- On February 15, 2023, seven (7) new members were appointed to the Board (Note 4). Later in the year, one of these seven members resigned in September (Note 3), and five (5) additional members were appointed (Note 5). This brought the total number of Board members to eleven (11) for the period from September through December 2023.
- During the period from February 2023 until the end of the year, the Board operated under an interim Chairperson (Note 6).

Members of An tÚdarás in 2023:

There were a total of nine (9) Board Meetings in 2023. The following is the attendance:

Chairperson

Anna Ní Ghallachóir (Nóta 1)	1
Mary Uí Chadhain (Nóta 6)	9

Ordinary Members

John Shéamuis Ó Fearraigh (Nóta 1)	1
Debra Ní Shúilleabháin (Nóta 3)	6
Séamus Breathnach (Nóta 1)	1
Seán Mac Congamhna (Nóta 1)	1
Séamus Mac Gearailt (Nóta 1)	1
Ian Mac Aindriú (Nóta 1)	1
Eunan Mac Cuinneagáin (Nóta 1)	1
Seosamh Ó Laoi (Nóta 1)	1
Siobhán Seoighe (Nóta 1)	1
Gobnait Ní Mhuimhneacháin (Nóta 2)	1

Joe Conway (Nóta 4)	7
Padraig Mac Con Iomaire (Nóta 4)	7
Breandán Mac Gearailt (Nóta 4)	7
Anthony Molloy (Nóta 4)	8
Caitlín Ní Bhroin (Nóta 5)	3
Padraic Ó Conaire (Nóta 4)	6
Seán Ó Cuireáin (Nóta 5)	3
Micheál Ó Drisleáin (Nóta 5)	3
Máire Áine Uí Ailín (Nóta 5)	3
Sonya Uí Shíoda (Nóta 5)	3

Tinreamh: Níl san áireamh sa tinreamh thuas ach Cruinnithe Boird. Níl cruinnithe coistí mar atá sonraithe thíos san áireamh.

Nóta

Nóta 1

Tháinig deireadh leis tréimhse feidhme an Bhoird ar an 15/01/23 – Tréimhse le cruinniú boird amháin

Nóta 2

Tháinig deireadh lena tréimhse feidhme an Bhoird ar an 28/02/23 – Tréimhse le cruinniú boird amháin

Nóta 3

Tréimhse feidhme suas go 15/01/23 agus ó 15/02/23 – 26/09/23 – tréimhse le sé (6) chruinniú

Nóta 4

Tréimhse feidhme ó 15/02/23 – Tréimhse le ocht (8) gcruinniú

Nóta 5

Tréimhse feidhme ó 26/09/23 – Tréimhse le trí (3) chruinniú

Nóta 6

Tréimhse feidhme suas go 15/01/23 agus ó 15/02/23 – tréimhse le naoi (9) gcruinniú

An Coiste Meastóireachta

Is coiste reachtúil é seo a dhéanann meastóireacht ar thionscadail mhóra agus a chuireann moltaí chuig an mBord. Ní raibh aon chruinniú ag an gcoiste seo le linn 2023. Ar an gcoiste sin ó achtaíodh Acht na Gaeltachta, 2012, tá an Cathaoirleach, comhalta boird agus an Príomhfheidhmeannach mar aon le hionadaí an ceann ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGS&M), ón nGníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire) agus ó Fhiontraíocht Éireann.

Joe Conway (Nóta 4)	7
Padraig Mac Con Iomaire (Nóta 4)	7
Breandán Mac Gearailt (Nóta 4)	7
Anthony Molloy (Nóta 4)	8
Caitlín Ní Bhroin (Nóta 5)	3
Padraic Ó Conaire (Nóta 4)	6
Seán Ó Cuireáin (Nóta 5)	3
Micheál Ó Drisleáin (Nóta 5)	3
Máire Áine Uí Ailín (Nóta 5)	3
Sonya Uí Shíoda (Nóta 5)	3

Attendance: The above attendance includes Board Meetings only. Committee meetings as detailed below are not included.

Notes

Note 1

Term of office for the Board concluded on 15/01/2023 – A period with one board meeting.

Note 2

Term of office for the Board concluded on 28/02/2023 – A period with one board meeting

Note 3

Term of office from 15/01/2023 and from 15/02/2023 until 26/09/23 – A period with six (6) meeting

Note 4

Term of office from 15/02/23 – A period with eight (8) meetings

Note 5

Term of office from 26/09/23 – A period with three (3) meetings

Note 6

Term of office until 15/01/23 and from 15/02/23 – A period with nine (9) meetings.

Evaluation Committee

This statutory committee evaluates large scale projects and makes recommendations to the Board. No meetings of this committee were held in 2023. Since the enactment of the Gaeltacht Act 2012, membership comprises the Chairperson, one board member and the Chief Executive as well as one representative each from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, from the Industrial Development Authority (IDA Ireland) and from Enterprise Ireland.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

De réir An Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag Údarás na Gaeltachta. Scrúdaíonn an coiste seo ráitis airgeadais, cúrsaí rialachais chorpóraidigh agus bainistíochta riosca, tuairiscí ón bhfeidhm Iniúcháireachta Inmheánaí agus ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus obair eile a dhéantar i dtaca leis an eagraíocht agus lena cuid fochuideachtaí.

Féach thíos liosta de chomhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a bhí ag feidhmiú in 2023. Ó thús na bliana go dtí Meán Fómhair 2023, ní raibh ach 7 den 12 comhalta ceaptha ag an Aire ar Bhord an Údaráis. Chuige sin chinn an Bord gan ach triúr a cheapadh ar an gCoiste go dtí go mbeadh Bord iomlán ainmnithe. Nuair a cheapadh Bord iomlán, d'ainmnigh siad beirt comhalta breise le feidhmiú ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca

- **Mary Uí Chadhain**, Cathaoirleach, Údarás na Gaeltachta.
- **Breandán Mac Gearailt**, Gnáthchomhalta Údarás na Gaeltachta.
- **Caitlín Ní Ghabháin**, Ball Seachtrach.
- **Sonya Uí Shíoda**, Gnáthchomhalta d'Údarás na Gaeltachta (le feidhm ó 6 Deireadh Fómhair 2023)
- **Seán Ó Cuireáin**, Gnáthchomhalta d'Údarás na Gaeltachta (le feidhm ó 6 Deireadh Fómhair 2023)

Tháinig an Coiste le chéile cheithre uaire i rith 2023.

Audit and Risk Committee

In accordance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies, Údarás na Gaeltachta has an Audit and Risk Committee. This committee examines financial statements, corporate governance and risk management matters, reports from the Internal Audit function and from the Comptroller and Auditor General, and other work carried out in relation to the organisation and its subsidiary companies.

From the beginning of the year until September 2023, only 7 of the 12 Board members had been appointed by the Minister. Consequently, the Board opted to appoint only three members to the Audit and Risk Committee at that time. Once the full Board was appointed in September 2023, two additional members were added to the Committee. The members of the Audit and Risk Committee in 2023 were as follows:

- **Mary Uí Chadhain**, Chairperson, Údarás na Gaeltachta.
- **Breandán Mac Gearailt**, Ordinary Member of Údarás na Gaeltachta.
- **Caitlín Nic Ghabháin**, External Committee Member.
- **Sonya Uí Shíoda**, Ordinary Member, Údarás na Gaeltachta (w.e.f 6 October 2023)
- **Seán Ó Cuireáin**, Ordinary Member, Údarás na Gaeltachta (w.e.f 6 October 2023)

The Audit and Risk Committee met four times during 2023.



Struchtúr Bainistíochta

Management Structure



Forbhreathnú

Overview

FOSTAÍOCHT I nGNÓLACHTAÍ A FUAIR CÚNAMH EMPLOYMENT IN ASSISTED BUSINESSES	2018	2019	2020	2021	2022	2023
Fostaíocht Choibhéiseach Lánaimseartha Full-time Equivalent Employment	7,625	7,844	7,363	7,809	6,980*	9,526 **
Fostaíocht Shéasúrach agus Pháirtaimseartha Eile Other Seasonal and Part-time Employment	704	670	533	485	1,255*	
Fiontair ENTERPRISES						
Deontais a Ceadaíodh/Grants Approved (€'000)	5,175	6,042	5,153	4,659	4,099	6,685
Deontais a Íocadh/Grants Paid (€'000)	3,448	4,161	4,128	3,032	2,961	2,701
OIDEACHAS AGUS OILIÚINT GHINEARÁLTA EDUCATION AND GENERAL TRAINING						
Deontais a Ceadaíodh/Grants Approved (€'000)	1,548	1,430	1,581	1,382	1,534	2,069
Deontais a Íocadh/Grants Paid (€'000)	1,272	1,172	1,086	1,455	1,173	990
CUIDEACHTAÍ LE HINFHEISTÍOCHT SCAIREANNA Ó ÚDARÁS NA GAELTACHTA COMPANIES WITH SHARE INVESTMENTS FROM ÚDARÁS NA GAELTACHTA						
Infheistíochtaí an Údaráis i Scairchaipiteal Údarás Investment in Share Capital (€'000)	300	875	1,210	2,623	975	260
Deontais a Ceadaíodh/Grants Approved (€'000)	2,402	2,403	3,835	2,804	2,786	11,148
Deontais a Íocadh/Grants Paid (€'000)	784	1,281	531	1,834	1,048	834
FOIRGNIMH BUILDINGS						
Caiteachas ar Fhoirgnimh Expenditure on Buildings (€'000)	3,991	7,881	8,987	8,112	10,423	14,606
Glansócmhainní Dochta/Net Fixed Assets (€'000)	79,038	82,878	85,782	87,974	91,461	100,220
Glansócmhainní Reatha/Net Current Assets (€'000)	(1,001)	(1,372)	(519)	903	3,449	3,303
ÚDARÁS NA GAELTACHTA						
Foireann/Staff	88	85	85	84	98	93
Tuarastail agus Pá/Salaries and Pay (€'000)	6,336	6,318	6,813	6,995	7,325	7,460
AIRGEAD A FUARTHAS ÓN STÁT EXCHEQUER FUNDING						
Caiteachas Reatha/Current Expenditure (€'000)	9,637	9,442	10,853	13,041	13,386	14,599
Tionscnaíocht Chultúrtha agus Pobail Cultural and Community Promotion (€'000)	3,350	3,850	4,250	4,750	6,025	6,750
Deontais do Thionscail agus Caiteachas Caipitil Grants to Industry and Capital Expenditure (€'000)	7,368	9,700	13,275	13,980	15,454	14,454


** Fostaíocht iomlán, lán-aimseartha agus fostaíocht eile le chéile / Total Headcount , full time and other employment.

Deontais a ceadaíodh in 2023 de réir earnála

Grants approved in 2023 by sector

Iomlán: 8,034,022

Total: 8,034,022




Méaduithe fostaíochta in 2023 de réir earnála

Increases in employment in 2023 by sector

2023


2022



Fostaíocht de réir Earnála 2023 Employment by Sector 2023

Iomlán: 9,526

Total: 9,526




Infheistíocht i scaireanna a rinne an tÚdarás i gcuideachtaí i rith 2023 Share investments made by an tÚdarás in companies during 2023

Iomlán: €260,000

Total: €260,000



Fostaíocht iomlán i gcliainnt a fuair cúnamh Total employment in assisted clients



*Táthar ag tuairisciú na bhfigiúirí fostaíochta ag úsáid modheolaíochta atá molta ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Faoin modheolaíocht seo, rangáítear an fhostaíocht de réir dhá chatagóir: poist lánaimseartha agus eile.

** Is 9,490 post a bheadh i gceist ag úsáid an modheolaíocht nua.

*Employment figures are reported using the methodology approved by the Department of Enterprise, Trade and Employment. In this methodology, employment figures are classed by two categories: full-time employment and other employment.

** 9,490 jobs would apply using the new methodology.

Ráiteas an Chathaoirligh

Chairperson's Statement



A Chairde Gael,

Is le croí lán dóchais agus misnigh a chuirim an Tuarascáil Bhliantúil 2023 i láthair daoibh. Níl ann ach fianaise bheo ar threise agus ar bhríomhaireacht phobal na Gaeltachta.

Seasmhacht san fhostaíocht, poist ardchaighdeán, agus borradh in earnálacha rithábhachtacha – is iad seo colúin an dul chun cinn atá á bhaint amach againn. Ach ní hé sin an scéal ar fad – tá radharc againn ar dheis órga san fhuinneamh in-athnuaite agus sna hacmhainní nádúrtha. Beidh Údarás na Gaeltachta ag treorú an bhealaigh, ag cinntiú go mbeidh ár bpobal réidh le tapú na ndeiseanna seo.

Tá ár bpleananna teanga ag borradh faoi bhláth, le formhór mór díobh anois i mbun gnímh sna Limistéir Phleanála Teanga. Ní hamháin go bhfuil an obair seo ag caomhnú ár dteanga, ach tá sé ag cruthú nasc beo idir an sean agus an nua, idir ár bhféiniúlacht agus ár bhforbairt.

Féach ar an ngréasán gteic – 28 mol digiteach anois, dhá cheann nua i gContae na Mí. Is ionaid iad seo atá ag athmhúnlú an chaoi a n-oibrímid agus a gcónaímid. Tá siad ag tabhairt deis do dhaoine fanacht sa bhaile nó filleadh ar an mbaile, ag cothú pobail bhríomhara agus nuálacha.

A Chairde Gael,

With great pride, I present our 2023 Annual Report, which captures the remarkable resilience and innovation of our Gaeltacht community.

Our achievements this year reflect not just stability, but true progress – from sustained employment growth to the creation of high-value jobs across key sectors. The horizon before us sparkles with promise, particularly in renewable energy and natural resources. Údarás na Gaeltachta stands ready to guide our community in harnessing these opportunities, ensuring we remain at the forefront of sustainable development.

Our language initiatives have taken root and flourished – forming a vital bridge between our heritage and our future.

The gteic network exemplifies our commitment to innovation, with 28 digital hubs now operational. These spaces are more than just workplaces – they are catalysts for community regeneration, enabling our people to build careers while remaining in their local areas.



Agus anois, táimid ag tabhairt aghaidh ar thodhchaí ina bhfuil an Intleacht Shaorga (A.I.) ag teacht chun cinn. Ní bheidh muid inár dtost – táimid tiomanta do phobal na Gaeltachta a chumhachtú leis an eolas, na scileanna agus an mhuinín chun an todhchaí seo a mhúnlú.

Ní bheadh an dul chun cinn seo indéanta gan tacaíocht ár bpáirtithe – Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí a sheasann linn. Tá muid fíorbhuíoch as bhur dtiomantas don Ghaeltacht.

Do chomhaltaí Bhord Údarás na Gaeltachta, go raibh míle maith agaibh as bhur gcuid diongbháilteachta agus bhur bhfís.

Agus d'fhoireann an Údaráis – is sibhse croílár ár n-éachtaí. D'oibrigh sibh go dícheallach chun ár bpobal a chosaint agus a neartú. Tá muid go mór faoi chomaoin agaibh.

A phobal na Gaeltachta, ní hamháin go bhfuilimid ag caomhnú ár dteanga agus ár gcultúir, ach táimid á n-athchruthú do ré nua. Le chéile, táimid ag tógáil todhchaí a bheidh chomh saibhir lenár stair.

Ar aghaidh linn – le neart, le dóchas, agus le chéile!

Mary Uí Chadhain
Cathaoirleach Údarás na Gaeltachta

As artificial intelligence reshapes our world, we are positioning the Gaeltacht community to be active participants in this technological revolution. We will ensure our people have the tools, knowledge, and confidence to thrive in this evolving landscape.

None of this would be possible without our steadfast partners – the Government Departments, agencies, and organisations who share our vision. Your unwavering support of the Gaeltacht has been instrumental in our success.

To the Board of Údarás na Gaeltachta, your strategic guidance has been invaluable. And to the dedicated staff of An tÚdarás – you are the cornerstone of our achievements. Your tireless commitment to strengthening our community deserves our deepest gratitude.

To the Gaeltacht public we serve, you are the guardians and innovators of our cultural heritage. Together, we are crafting a future that honours our past while embracing the opportunities of tomorrow. Let us continue this journey – united in purpose, strong in resolve, and confident in our shared destiny.

Le meas,

Mary Uí Chadhain
Chairperson of Údarás na Gaeltachta



Athbhreithniú ar 2023

Review of 2023

Forbairt Fiontraíochta

Enterprise Development

Tionchar eacnamaíoch chliantchomhlachtaí an Údaráis

De réir thaighde ABSEI ar chliantchomhlachtaí an Údaráis a bhfuil deichniúr nó níos mó fostaithe iontu, meastar go raibh díolachán iomlán €1,052m déanta in 2023 ag cliantchomhlachtaí an Údaráis. Déanadh caiteachas díreach de €522m i ngeilleagar na hÉireann in 2023 ar phárolla, ar sheirbhísí agus ar cheannach ábhar. Is €222m a íocadh ar phárolla agus caitheadh €103m nó 76% den chaiteachas iomlán, ar sheirbhísí lonnaithe in Éirinn.

Cúrsaí easpórtála a bhí i gceist le €637 milliún nó 61% den díolachán iomlán. Chuaigh 28% (€179m) den iomlán á n-easpórtáil chuig an AE. Bhí 24% d'earraí á n-onnmhairiú go Meiriceá Thuaidh agus 7% chuig an Áise. Is margadh suntasach fós é an Ríocht Aontaithe do chomhlachtaí Gaeltachta de luach €187m, nó 29% den iomlán.

Economic impact of Údarás na Gaeltachta client companies

According to ABSEI research of Údarás na Gaeltachta client companies, in which ten or more employees are employed, the client companies had estimated total sales of €1,052m in 2023. Direct expenditure of €522m was made in the Irish economy on payroll, services and the purchase of materials. A total of €222m was paid on payroll, with €103m or 76% of total expenditure, spent on Irish-based services.

Exports made up €637m or 61% of total sales by Gaeltacht companies (10+) in 2023. 28% (€179m) of total exports were to the EU. A total of 24% of exports were to North America and 7% to Asia. The United Kingdom is still an important market for Gaeltacht companies with a value of €187m or 29% of the total.



Maoiniú Stáit

Tá infheistíocht Stáit thart ar €44.7 milliún i gceist leis an gcúnamh a cheadaigh an tÚdarás in 2023 do thionscadail fostaíochta agus forbartha, d'oidéachas agus oiliúint, agus i leith infreastruchtúir.

Taighde agus Forbairt

I gcomhthéacs athruithe polaitíochta idirnáisiúnta chinntigh an tÚdarás gur cuireadh béim ar leith ar chaiteachas ar ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha ina chliantchomhlachtaí agus é ag cabhrú le gnóthaí forbairt a dhéanamh ar a gcumas iomaíochta agus margaí nua a aimsiú. In 2023 ceadaíodh €491,899 i ndeontais dírithe ar thaighde agus forbairt agus ar fhorbairt scileanna taighde margaíochta. Tá an tÚdarás, i gcomhar le Fiontraíocht Éireann, tiomanta do chomhoibriú le comhlachtaí tríd an Scéim Náisiúnta Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (T&F&N) mar aon le scéimeanna Náisiúnta eile a fheidhmiú chun an bonn taighde agus nuálaíochta in earnáil na fiontraíochta a neartú.

State Funding

The assistance approved by Údarás na Gaeltachta in 2023 involves a State investment of approximately €44.7 million for employment and development projects, for education and training, and for infrastructure.

Research and Development

In the context of international political change, An tÚdarás ensured that focus was given to expenditure on research and development activities in its client companies in assisting businesses to develop their competitive capability and to establish new markets. In 2023 some €491,899 was approved in grants for research and development and for the development of market research skills. An tÚdarás, in cooperation with Enterprise Ireland, is committed to working with companies through the national Research and Development and Innovation (R&D&I) Scheme and other National schemes to strengthen the research and innovation base of the enterprise sector.



Costas in aghaidh an Phoist

Bhí costas deontais de €2,160 in aghaidh an phoist in 2023 agus bhí meánchostas de €3,523 in aghaidh an phoist i gceist thar na cúig bliana seo caite. Léiríonn an costas in aghaidh an phoist an caiteachas deontais ar chaipiteal, ar fhostaíocht, ar thaighde agus forbairt agus ar oiliúint shainiúil a íoctar le cliantchomhlachtaí ach ní áiríonn sé deontais EMFF (An Ciste Eorpach Muirí agus lascaigh) ná Taighde/Forbartha/Nuálaíochta. Ní áirítear caiteachas eile i leith oiliúna ná oideachais mar níl ceangal díreach idir mórchuid an chaiteachais ar na cláir oideachais tríú leibhéal agus foghlama fadsaoil atá á maoiniú agus cláir chruthaithe fostaíochta na bliana reatha.

Cost per Job

The grant cost per job for 2023 was €2,160 and the average cost per job over the past five years was €3,523. The cost per job reflects grant payments towards capital, employment, research and development and specific training paid to client companies but excludes FIG (Financial Instrument for Fisheries Guidance) and Research/Development/Innovation funding. Other expenditure on training and education is excluded as there is no direct link between a substantial proportion of the expenditure on third level education courses and lifelong learning support schemes and the current year job creation programmes.

Pleanáil Teanga

Language Planning

An Próiseas Pleanála Teanga

Faoi Acht na Gaeltachta, 2012, tugadh feidhm reachtúil don Údarás maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030. Cuireann An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGS&M) soláthar maoinithe ar fáil d'Údarás na Gaeltachta le cur ar a chumas an próiseas pleanála teanga a chur i bhfeidhm sa Ghaeltacht. As an soláthar sin cuireann an tÚdarás maoiniú ar fáil do Cheanneagraíochtaí atá i mbun pleananna teanga fheidhmiú sna Limistéir Phleanála Teanga agus sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta atá faoina chúram.

Faoi dheireadh 2023 bhí an próiseas pleanála teanga faoi lán seol sna 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) agus i mbeirt as triúr de Bhaile Seirbhíse Gaeltachta (BSG) atá sainaitheanta sa Ghaeltacht le linn 2023. Cuireadh tús le feidhmiú pleananna teanga sa dá Limistéar Pleanála Teanga is deireanaí, LPT An tEachréidh agus LPT Bhearna agus Cnoc na Cathrach, le linn na bliana agus rinne Aire Stáit na Gaeltachta fógra i dtaca le BSG Béal an Mhuirthead chun go bhféadfaí tabhairt faoi plean teanga a ullmhú don BSG sin.

Cheadaigh roinnt tacaíochtaí breise don réimse pleanála teanga le linn na bliana. Cheadaíodh ardú de 20% ar chiste bliantúil d'fheidhmiú phleananna teanga sna LPT agus sna BSG sa Ghaeltacht, agus tugadh cead Oifigeach Pleanála Teanga breise a

The Language Planning Process

Under the Gaeltacht Act 2012, Údarás was given statutory responsibility for implementing the 20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030. The Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media (DTCAGSM) provides funding to Údarás na Gaeltachta to enable the implementation of the language planning process in the Gaeltacht. From this provision, Údarás provides funding to Lead Organizations that are implementing language plans in the Language Planning Areas and Gaeltacht Service Towns under its responsibility.

By the end of 2023, the language planning process was in full progress in all 26 Language Planning Areas (LPTs) and in two out of three Gaeltacht Service Towns (BSGs) identified in the Gaeltacht during 2023. Implementation of language plans began in the two most recent Language Planning Areas, LPT An tEachréidh and LPT Bhearna and Cnoc na Cathrach, during the year, and the Minister of State for the Gaeltacht made an announcement regarding BSG Béal an Mhuirthead to enable the preparation of a language plan for that BSG.

Several additional supports for language planning were approved during the year. A 20% increase was approved for the annual fund for implementing language plans in LPTs and BSGs in the Gaeltacht, and approval was given to employ an additional Language Planning Officer in five LPTs.



fhostú i gcás chúig LPT. Bhí infheistíocht de €3.9m i gceist do chur i bhfeidhm pleananna teanga sna LPT agus sna BSG sa Ghaeltacht le linn 2023. Bhí 35 post d'Oifigigh Pleanála Teanga i gceist leis an mhaoiniú sin. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar fheidhmiú pleananna teanga i 10 LPT le linn na bliana.

Anuas ar an obair a dhéanann an tÚdarás le tacú le obair na gceanneagraíochtaí pleanála teanga, tá scéimeanna agus dreasachtaí idir lámha aige atá dírithe ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht a spreagadh, a chothú agus a neartú. Díríonn na dreasachtaí sin ar an bhunstruchtúr tacaíochta teanga a láidriú agus cur chuige níos straitéise a fhiosrú, a phleanáil agus a fhorbairt le cuidiú le sprioc ghrúpaí agus réimsí faoi leith a áirítear sa phróiseas pleanála teanga. San áireamh, tá réimse na hóige, an earnáil luathoideachais agus earnáil an ghnó. Le linn na bliana tacaíodh le tograí cultúr óige atá dírithe úsáid na Gaeilge a chothú agus a láidriú i measc na hóige sa Ghaeltacht. Maidir leis an réimse gnó, tugadh faoi obair thaighde le scrúdú a dhéanamh ar na bealaí is fearr le húsáid na Gaeilge a chothú agus a spreagadh i measc lucht gnó na Gaeltachta, gnólachtaí sna hearnálacha miondíol, fáilteachais agus turasóireachta chomh maith le cliant an Údarás féin.

An investment of €3.9m was involved in implementing language plans in LPTs and BSGs in the Gaeltacht during 2023. This funding covered 35 Language Planning Officer positions. A review of language plan implementation began in 10 LPTs during the year.

In addition to the work Údarás does to support the work of language planning lead organisations, it manages schemes and incentives aimed at encouraging, nurturing, and strengthening the use of Irish in the Gaeltacht. These incentives focus on strengthening the basic language support structure and exploring, planning, and developing a more strategic approach to help target groups and specific areas included in the language planning process. This includes youth services, early education sector, and business sector. During the year, support was provided for youth cultural projects aimed at nurturing and strengthening the use of Irish among youth in the Gaeltacht. Regarding the business sector, research work was undertaken to examine the best ways to nurture and encourage the use of Irish among Gaeltacht businesses, companies in the retail, hospitality, and tourism sectors, as well as Údarás's own clients.

Forbairt Pobail

Community Development



Bunaíodh an tAonad Forbartha Pobail chun comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do na heagrais forbartha pobail chun cuidiú leo a gcuid spriocanna forbartha a bhaint amach ar mhaithe le pobal na Gaeltachta. Bhí ardú suntasach ar an maoiniú reáchtála a chuir Údarás na Gaeltachta, i gcomhar leis an RTCEGS&M, ar fáil do na heagraíochtaí forbartha pobail in 2023 – cuireadh €3.8m ar fáil do na heagrais forbartha pobail, le cur ar a gcumas tabhairt faoi chlár forbartha pobail dírithe ar riachtanais an phobail áitiúil agus ar thograí turasóireachta, ar phleanáil teanga, ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar an ngréasán gteic, i measc tograí eile.

The Community Development Unit has been established to provide advice and support to community development organisations to help them achieve their development goals for the benefit of the Gaeltacht community. There was a significant increase in the current funding provided by Údarás na Gaeltachta in collaboration with the DTCAGSM to the community development organisations in 2023 – €3.8m was made available to organisations, to enable them to undertake a range of community development projects focused on the requirements of the local community, including tourism projects, language planning programmes, and projects focusing on renewable energy and on the use of the gteic network.



Scéim Deontas Reáchtála

Chuir an Scéim Deontas Reáchtála, atá á feidhmiú ag Údarás na Gaeltachta, maoiniú de €3,858,750 ar fáil do 33 eagrais pobail (comharchumainn agus comhlachtaí pobalbhunaithe) sa nGaeltacht in 2023. Tá plean oibre ag gach eagraíocht agus aontaítear spriocanna sonracha leis an Údarás mar chuid den chomhaontú maoinithe bhliantúil. Cuireann na heagrais phobalbhunaithe deiseanna fostaíochta ar fáil go háitiúil agus bhí 71 duine fostaíthe go lánaimseartha agus 63 go páirtaimseartha go díreach ag na heagrais féin. Tá ról tábhachtach ag na heagrais i bhforbairt tuaithe agus ag cur tionscnaimh agus seirbhísí pobail chun cinn.

Beagnach 1,000 fostaíthe ar Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 950 rannpháirtí agus 46 saoi fostaíthe i 47 scéim ar fud na Gaeltachta in 2023. Tá ról agus tionchar tábhachtach ag na scéimeanna fostaíochta sóisialta (Scéim Fostaíochta Pobail, Scéim Shóisialta Tuaithe & Scéim TÚS), atá á mbainistiú ag an Údarás agus maoinithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, ag cur seirbhís luachmhar ar fáil do phobal na Gaeltachta, chomh maith le taithí oibre agus oiliúint.

Administration Grant Scheme

The Administration Grant Scheme, which is operated by Údarás na Gaeltachta, provided funding of €3,858,750 to 33 community organisations (cooperatives and community based bodies) in the Gaeltacht. Each organisation has a work plan and specific targets are agreed with Údarás na Gaeltachta as part of the annual funding agreement. The community-based organisations provide employment opportunities locally and 71 people are employed fulltime and 63 part-time directly by the organisations themselves. The organisations play an important role in rural development and promoting community initiatives and services.

Nearly 1,000 employees on Social Employment Schemes

There were 979 participants and 47 supervisors employed on 48 schemes throughout the Gaeltacht in 2022. The social employment schemes (Community Employment Scheme, Rural Social Scheme & TÚS Scheme), which are managed by Údarás na Gaeltachta are funded by the Department of Social Protection and have an important role and impact, providing work experience and training to Gaeltacht communities.

Clár LEADER

Tá ról ag Údarás na Gaeltachta i bhfeidhmiú chlár LEADER i nGaeltacht Dhún na nGall agus i nGaeltacht Mhúscraí. Tá Údarás na Gaeltachta ar cheann de cheithre chomhpháirtí faoi Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) Dhún na nGall agus Mhúscraí atá freagrach as feidhmiú Chlár LEADER sna Gaeltachtaí sin ar son an Ghrúpa Forbartha Áitiúil (LAG). Bhí riaradh agus feidhmiú an Chláir idir-thréimhse LEADER (2021-2022) i nGaeltacht Dhún na nGall, seachas na hoileáin amach ón gcósta, faoi chúram an Údarás na Gaeltachta. Ceadaíodh ocht dtogra LEADER faoin gclár in 2022 le deontas €375,802 (ar infheistíocht iomlán €523,820). Tháinig deireadh le Clár LEADER 2014-2020 agus leis an gclár idir-thréimhseach 2021-2022 ag deireadh 2022. Is é an tÚdarás a bhí ag bainistiú an Clár LEADER i gceantar Mhúscraí le linn na dtréimhsí seo. Ceadaíodh cúnamh deontais de €77,739 do ghnóthaí Gaeltachta agus Coistí Pobail mar aon le cúnamh deontas de €26,587 do togra bia amháin faoin gclár Tionscnaimh Bia ó thús an Chláir. Sheol Comharchumann Forbartha Mhúscraí 'Plean Feidhme Turasóireachta Mhúscraí' do cheantar Gaeltachta Mhúscraí i mbliana le cúnamh deontas staidéar féidearthachta ón gClár LEADER.

Tá clár LEADER oscailte do ghrúpaí deonacha, do dhaoine aonair, tionscnaimh phríobháideacha agus phobail, agus frontair bheaga agus mheánmhéide. Tá an clár dírithe ar thionscadail arb é a n-aidhm caighdeán maireachtála agus deiseanna eacnamaíochta a chur chun cinn ar mhaithe le leas bhunadh nó phobal Ghaeltacht Dhún na nGall/ Mhúscraí faoi chreatlach na Straitéise Forbartha Áitiúla atá faofa.

The LEADER Programme

Údarás na Gaeltachta is involved in the implementation of the LEADER programme in the Donegal Gaeltacht and Múscraí Gaeltacht. Údarás na Gaeltachta is one of four partners under the Donegal and Múscraí Local Community Development Committee (LCDC), responsible for the implementation of the LEADER Programme in those Gaeltacht areas on behalf of the Local Development Group (LAG).

The administration and implementation of the interim LEADER Programme (2021-2022) in Donegal Gaeltacht, apart from the offshore islands, was the responsibility of the Údarás na Gaeltachta. Eight LEADER proposals were approved under the program in 2022 with a grant of €375,802 (for a total investment of €523,820).

The LEADER Programme 2014-2020 and the transitional Programme 2021-2022 finished at the end of 2022.

Údarás was managing the LEADER Program in the Múscraí area during these periods. Grant aid of €77,739 was approved for Gaeltacht businesses and Community Committees together with grant aid of €26,587 for one food project under the Food Initiatives program from the beginning of the Programme. Comharchumann Forbartha Múscraí launched a 'Múscraí Tourism Action Plan' for the Múscraí Gaeltacht area this year with the help of a feasibility study grant from the LEADER Programme. The LEADER programme is open to voluntary groups, individuals, private and community initiatives, and small and medium-sized enterprises. The program is focused on projects whose aim is to promote living standards and economic opportunities for the benefit of the Donegal Gaeltacht/Múscraí community or community under the framework of the approved Local Development Strategy.



Óige agus Ealaíona

Youth and the Arts

Comhar Naíonraí na Gaeltachta

Is comhlacht neamhspleách é Comhar Naíonraí na Gaeltachta a fhaigheann maoiniú ó Údarás na Gaeltachta chun seirbhís bhainistíochta agus riaracháin a chur ar fáil do na seirbhísí luathbhlianta atá ag feidhmiú trí Ghaeilge sa nGaeltacht.

Bhí 239 duine fostaithe ag an gcomhlacht in 2023. Le linn na scoilbhliana 2023/24 bhí 1,983 páiste ag freastal ar 130 seirbhís luathbhlianta atá faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta, sin ardú 105 páiste agus seacht sheirbhís breise (ceithre naíonra agus trí sheirbhís iarscoile) ón bhliain roimhe.

Muintearas Teoranta

Fochuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta is ea Muintearas Teoranta a fhaigheann maoiniú chun cuspóirí áirithe forbartha oideachais, teanga, óige agus pobail a bhaint amach. Áirítear na réimsí seo a leanas mar phríomhréimsí oibre an chomhlachta: luathfhorbairt an linbh, an réimse oideachais, an óige, cúrsaí nuatheicneolaíochta, cumarsáid agus oideachas fadsaoil pobail. I gcomhar leis an Údarás, cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, SOLAS agus POBAL foinsí maoinithe eile ar fáil do réimsí éagsúla tionscadail atá ar siúl acu

Chuir Údarás na Gaeltachta maoiniú de **€879,500** ar fáil do Mhuintearas Teoranta in 2023. Seachadann an comhlacht 'Scéim na gCúntóirí Teanga' i scoileanna Gaeltachta i gcontaetha na Gaillimhe, Mhaigh Eo, Dhún na nGall agus na Mí ar son na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Comhar Naíonraí na Gaeltachta CTR.

Comhar Naíonraí na Gaeltachta is an independent company that receives funding from Údarás na Gaeltachta to provide management and administrative services to early years services operating through Irish in the Gaeltacht.

The company employed 239 people in 2023. During the 2023/24 school year, 1,983 children attended 130 early years services under the umbrella of Comhar Naíonraí na Gaeltachta, an increase of 105 children and seven additional services (four preschools and three after-school services) from the previous year.

Muintearas Teoranta

Muintearas Teoranta, a subsidiary company of Údarás na Gaeltachta, is funded to promote certain educational, language, youth and community development objectives. The company's primary fields of work include the following: early childhood development, education, youth work, modern technology courses, communication and lifelong community education. In cooperation with Údarás na Gaeltachta, Muintearas Teoranta also receives other sources of funding from the Department of Education and Skills, the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, SOLAS and POBAL for various initiatives it administers.

Údarás na Gaeltachta approved **€879,500** in funding to Muintearas Teo in 2023. Muintearas Teo. supports the running of youth clubs throughout the Gaeltacht. It administers 'Scéim na gCúntóirí Teanga' (Language Assistants' Scheme) in Gaeltacht schools in counties Galway, Mayo, Donegal and Meath on behalf of the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media.



Ealaín na Gaeltachta

Is comhfhiontar idir Údarás na Gaeltachta agus an Chomhairle Ealaíon é Ealaín (na Gaeltachta) Teo a bhfuil sé mar sprioc aige forbairt na n-ealaíon comhaimseartha agus traidisiúnta sa Ghaeltacht a chur chun cinn. Tá fás leanúnach tagtha ar chumas eagraíochtúil Ealaín na Gaeltachta le roinnt blianta anuas.

Seoladh plean straitéiseach Ealaín an Gaeltachta 2023-2027 le linn na bliana. Díríonn straitéis nua Ealaín na Gaeltachta ar fhorbairt chruthaitheach na n-ealaíontóirí; ar rannpháirtíocht sna healaíona a chothú agus a mhéadú i measc daoine óga agus an phobail i gcoitinne; ar thacú le healaíontóirí Gaeltachta a gcleachtais agus a ngairmeacha beatha a chothú agus a fhorbairt; agus an bhonneagar ealaíon sa Ghaeltacht a neartú.

Bhí Ealaín na Gaeltachta 25 bliain ar an bhfód in 2023 agus mar chuid den cheiliúradh sin eagraíodh 10 lá d'imeachtaí cultúrtha agus ealaíona i gcomhar leis na hionaid ealaíne agus ealaíontóirí áitiúla ar fud fad na Gaeltachta. Lean Ealaín na Gaeltachta lena chlár oibre ag cur tacaíocht agus maoiniú ar fáil do ghníomhaíochtaí ealaíona sa Ghaeltacht trína cuid scéimeanna maoinithe éagsúla. Cuireadh maoiniú de €1.6m ar fáil do 185 togra ealaíona le linn 2023. Leanadh le gníomhaíochtaí chlár Cuisle atá dírithe ar an óige, agus rinne beagnach 4,000 rannpháirtí freastal ar ranganna sna ceantair Ghaeltachta faoi stiúir 72 teagascóir le linn na bliana.

Tá eolas iomlán ar spriocanna agus cuspóirí an chomhlachta ar fáil ag www.ealaín.ie



Ealaín na Gaeltachta

Ealaín (na Gaeltachta) Teo is a joint venture between Údarás na Gaeltachta and the Arts Council that aims to promote the development of contemporary and traditional arts in the Gaeltacht. The organisational capacity of Ealaín na Gaeltachta has grown continuously in recent years.

Ealaín na Gaeltachta's strategic plan for 2023–2027 was launched during the year. Ealaín na Gaeltachta's new strategy focuses on the creative development of artists; fostering and increasing participation in the arts among young people and the general community; supporting Gaeltacht artists in nurturing and developing their practices and careers; and strengthening the arts infrastructure in the Gaeltacht.

Ealaín na Gaeltachta celebrated 25 years in operation in 2023, and as part of this celebration, 10 days of cultural and artistic events were organised in cooperation with arts centres and local artists throughout the Gaeltacht. Ealaín na Gaeltachta continued its work program providing support and funding for arts activities in the Gaeltacht through its various funding schemes. Funding of €1.6m was provided for 185 arts projects during 2023. The Cuisle program activities, which focus on youth, continued, with nearly 4,000 participants attending classes in Gaeltacht areas under the guidance of 72 instructors during the year.

Complete information about the company's goals and objectives is available at www.ealaín.ie



Eagraíocht agus Seirbhísí

Organisation and Services

Rialachas Corparáideach

Is comhlacht corpraithe é Údarás na Gaeltachta arna bhunú ag an Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, agus feidhmíonn sé faoi shainchúram na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán de réir fhorálacha na nAchtanna um Údarás na Gaeltachta, 1979 go 2010, arna leasú ag Acht na Gaeltachta, 2012. Chomh maith lena chuid reachtaíochta rialaithe féin, tá dualgas ar an Údarás freisin cloí le raon de cheanglais reachtúla agus riartha eile de chuid an Stáit agus an Aontais Eorpaigh.

Foireann

Ag deireadh 2023 bhí 93 duine fostaithe go buan ag Údarás na Gaeltachta.

Comhionannas

Tá Údarás na Gaeltachta tiomanta go hiomlán do pholasaí comhionannais deiseanna, agus tá gach post san eagraíocht ar oscailt d'fhir agus do mhná. Leanfar leis na scéimeanna atá ag an Údarás le roghanna a chur ar fáil don fhoireann i dtaca leis na riachtanais ghairme agus phearsanta atá acu, nithe mar phostroinnt, sosanna gairme, saoire speisialta agus uaireanta laghdaithe oibre. Le linn na bliana 2023, bhain 26 ball foirne leas as na scéimeanna seo.

Laistigh de na constaicí a bhaineann le hearcú foirne sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne, déantar iarracht deiseanna fostaíochta oiriúnacha a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag Údarás na Gaeltachta agus táthar ag feidhmiú na socruithe cuí go leanúnach chun cosaint a thabhairt do shábháilteacht agus do shláinte na bhfostaithe agus na gcuairteoirí ar fad a bhíonn taobh istigh dá ionaid ghnó. Déanann an tÚdarás athbhreithniú ar na Ráitis Sábháilteachta go leanúnach chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí go hiomlán leis na forálacha atá san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Leanadh le hoiliúint a chur ar fáil don fhoireann i réimsí sábháilteachta agus sláinte le linn 2023 chun féachaint chuige go bhfuil an tÚdarás ag comhlíonadh na bhforálacha reachtúla.

Corporate Governance

Údarás na Gaeltachta is a corporate body established by the Údarás na Gaeltachta Act, 1979 and operates under the aegis of the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport & Media in accordance with the provisions of the Údarás na Gaeltachta Acts, 1979 to 2010, as amended by the Gaeltacht Act 2012. In addition to its own governing legislation, An tÚdarás is also required to comply with a range of other State and EU statutory and administrative requirements.

Staff

At the end of 2023 there were 93 persons employed in the organisation.

Equality

Údarás na Gaeltachta is committed to a policy of equal opportunity and all positions within the organisation are open to both men and women. An tÚdarás continues to operate a number of schemes which provide staff with options in relation to meeting their career and personal needs, such as job sharing, career breaks, special leave and reduced working hours. During 2023, 26 members of staff availed of these schemes.

Within the constraints applying to the recruitment of staff in the Public Service in general, efforts are made to make suitable job opportunities available to people with disabilities.

The Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005

In accordance with the Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005, Údarás na Gaeltachta has a written safety statement and continues to implement appropriate measures to protect the safety and health of all employees and visitors at its places of business. An tÚdarás continuously reviews the Safety Statements to ensure compliance with the provisions of the Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005. During 2020 staff training in various areas of health and safety continued in order to ensure the organisation is fully compliant with legislative provisions.



Oiliúint agus Forbairt na Foirne

Leanadh le forbairt agus oiliúint foirne in 2023. Rinne comhaltaí foirne freastal ar réimse leathan cúrsaí i rith na bliana idir chúrsaí lae, chúrsaí dioplóma agus máistreachta i réimse leathan ábhar cuí a bhain le gnó, bainistíocht, dlí, pleanáil teanga, Gaeilge, airgeadas agus nuatheicneolaíocht.

Clár um Chúram Cliant

I gcomhréir le dea-chleachtas sa tSeirbhís Phoiblí, tá glactha ag Údarás na Gaeltachta le Cód Cleachtais i dtaca le cúram cliant. Tá Cairt na gCliant ar taispeáint agus ar fáil in oifigí an Údaráis agus ar a láithreán gréasáin www.udaras.ie. Mar chuid den Chód Cleachtais, tá nósmaireacht maidir le gearáin a láimhseáil agus tá córas chun déileáil le gearáin fhoirmiúla faoi chaighdeán seirbhísí an Údaráis. Déantar achainíocha agus gearáin a fhiosrú agus a fhreagairt agus fadhbanna a chur ina gceart chomh fada agus is féidir é, de réir ghnáthmhodhanna imeachta an Údaráis. Tá an tÚdarás ag leanúint le béim a chur ar sheirbhísí do chliant a fheabhsú, agus chuige sin déantar modhanna imeachta a leasú agus a shocrú i scríbhinn de réir mar is cuí, chun seirbhís chomhsheasmhach a chinntiú.

Staff Training and Development

The staff training and development programme continued in 2023. Members of staff attended a wide range of courses during the year which included day courses, diploma, and masters courses in a wide range of subjects including business, management, law, language planning, Irish language, finance and modern technology.

Client Care Programme

In accordance with good practice in the Public Service, Údarás na Gaeltachta has adopted a Code of Practice for quality client care. The Client Charter is displayed and available in Údarás na Gaeltachta's offices and on its website www.udaras.ie. The Code of Practice includes procedures for handling disputes and a system for dealing with formal complaints regarding the quality of the service delivery of An tÚdarás. Normal Údarás procedures are followed for investigating and responding to representations and complaints and to correct any issues insofar as possible. An tÚdarás continues to place emphasis on improving services to its clients, and to that end procedures are amended and documented as appropriate, to ensure consistent delivery of service.



Faoi fhorálacha an Achta Ombudsman (Leasú), 2012 socraíodh go mbeadh feidhmeanna Údarás na Gaeltachta le teacht faoi réir athbhreithniú neamhspleách Oifig an Ombudsman le héifeacht ón 1 Bealtaine 2013. Socraíodh dá réir go gcuirfí eolas ina leith sin ar fáil don phobal ar láithreán gréasáin an Údaráis ag www.udaras.ie agus in ábhar eile cumarsáide, agus go gcuirfí nósanna imeachta an Údaráis in oiriúint don socrú nua sin.

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

I gcomhréir leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, rinne comhaltaí boird an Údaráis agus comhaltaí foirne atá i bpost ainmnithe Ráitis Leasa de réir mar ba chuí. Baineann forálacha na hAchtanna leis na stiúrthóirí agus le bainisteoirí áirithe i bhfochuideachtaí an Údaráis ó 2009, agus rinne na daoine sin ráitis faoi na hAchtanna in 2023 freisin de réir mar ba chuí.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 Cloíonn Údarás na Gaeltachta le forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Fuair an tÚdarás 37 iarratas ar thaifid le linn 2023, agus 4 iarratas ar athbhreithniú inmheánach.

In accordance with the Ombudsman (Amendment) Act 2012, provision was made for An tÚdarás to come under the independent oversight of the Ombudsman's Office with effect from 1 May 2013. Provision was made to provide this information on Údarás na Gaeltachta's website www.udaras.ie and in other communication material, and to adjust Údarás na Gaeltachta's procedures in line with this new arrangement.

The Ethics in Public Office Acts, 1995 and 2001

In accordance with the Ethics in Public Office Acts, 1995 and 2001, members of the Board of Údarás na Gaeltachta and staff holding designated positions completed Declarations of Interest as appropriate. Since 2009 the provisions of these Acts apply to the directors and certain managers in Údarás subsidiaries, who also completed statements in 2023 as appropriate.

Freedom of Information Act, 2014

Údarás na Gaeltachta complies with the provisions of the Freedom of Information Act 2014. During 2023, An tÚdarás received 37 requests for records. There were 4 requests for an internal review.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007 go 2014

D'fhoillíodh éifeacht a thabhairt do Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint agus ó Chomhairle na hEorpa maidir le rochtain a bheith ag an bpobal ar fhaisnéis faoin gcomhshaol, thug an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil Rialacháin isteach in Éirinn le héifeacht ó 01 Bealtaine 2007. Faoi na Rialacháin seo, dar teideal Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol), (I.R. 133 de 2007, I.R. 662 de 2011, I.R. 615 de 2014 agus I.R. 309 de 2018), foráiltear nach foláir faisnéis a bhaineann leis an gcomhshaol atá ina sheilbh ag údarás poiblí ar nós Údarás na Gaeltachta, nó atá coinnte ar a shon, a chur ar fáil ar iarratas do dhuine ar bith, faoi réir eisceachtaí áirithe. Tá córas i bhfeidhm ag an Údarás le freagairt do riachtanais na Rialachán. Mar eagraíocht atá ag plé le forbairt fiontair, cruthú fostaíochta agus le cur chun cinn na forbartha pobail, cultúir agus teanga, tá maoin ghnó ag Údarás na Gaeltachta sna contaetha Gaeltachta ar fad, idir thalamh, fhoirgnimh, eastáit tionsclaíochta agus pháirceanna gnó. I measc na gcineálacha faisnéise a bhíonn ina sheilbh bíonn eolas faoi ionaid ghnó, eastáit agus páirceanna gnó, cinn a bhfuil tionóntaí iontu san áireamh, eolas comhshaoil faoi thionscadail áirithe a dtugann an tÚdarás tacaíocht dóibh, staidéir tionchair imshaoil do chúrsaí pleanála, agus comhaid sláinte agus sábháilteachta. Ní athraíonn na Rialacháin seo an tAcht um Shaoráil Faisnéise.

European Communities (Access to Information on the Environment) Regulations 2007 to 2014

With a view to giving effect to Directive 2003/4/EC of the European Parliament and Council on public access to environmental information, the Minister for the Environment, Heritage and Local Government introduced Regulations in Ireland with effect from 01 May 2007. The Regulations, entitled the European Communities (Access to Information on the Environment) Regulations, (S.I. 133 of 2007, S.I. 662 of 2011, S.I. 615 of 2014 and S.I. 309 of 2018) provide that, subject to certain exceptions, information relating to the environment held by, or for, a public authority such as Údarás na Gaeltachta must be made available on request to any person. An tÚdarás has a system in place to meet the requirements of these Regulations. As an organisation dealing with enterprise development, employment creation and with community, language and cultural development, Údarás na Gaeltachta has property in each of the Gaeltacht counties, including land, buildings, industrial estates and business parks. Among the types of information An tÚdarás holds is information on business premises, estates and business parks, including properties let to tenants, environmental information on certain projects supported by An tÚdarás, environmental impact studies for planning purposes, and health and safety files. These Regulations do not affect the Freedom of Information Act.





An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá modhanna imeachta leagtha síos ag an Údarás lena chinntiú go gcomhlíonann sé an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tuairiscíonn an Cathaoirleach dá réir gach bliain i dtuarascáil chuig an Aire.

Fostaíocht agus Íocaíochtaí

Foilsíonn Údarás na Gaeltachta aguisín lena Thuarascáil Bhliantúil ina bhfuil táblaí le sonraí fostaíochta de réir contae, agus ina dtaispeántar íocaíochtaí a rinne sé le gnóthais éagsúla. Cuirtear an t-aguisín sin ar láithreán gréasáin an Údaráis www.udas.ie agus cuirtear ar fáil é ar iarratas.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tagann Údarás na Gaeltachta faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a síníodh ina dhlí ar an 14 Iúil 2003. Cloíonn an tÚdarás le forálacha an Achta sin.

Nochtadh Cosanta

I gcomhréir leis an gceanglas dlíthiúil faoi alt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tá nósanna imeachta deimhnithe agus á gcothú ag Údarás na Gaeltachta maidir le nochtadh cosanta ag oibrithe a bhí, nó atá fostaith ag Údarás na Gaeltachta agus chun déileáil leis an nochtadh a dhéantar. Fuair an fhoireann faisnéis scríofa ó Údarás na Gaeltachta a bhain le nósanna imeachta um nochtadh cosanta.

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta le hÚdarás na Gaeltachta in 2023.

Code of Practice for the Governance of State Bodies

Údarás na Gaeltachta has put in place procedures to ensure that it fully complies with the Code of Practice for the Governance of State Bodies. The Chairperson reports accordingly each year in a report to the Minister.

Employment and Payments

Údarás na Gaeltachta publishes an appendix to its Annual Report, comprising of tables with employment detailed by county, and payments made by An tÚdarás to individual businesses. This appendix is placed on the Údarás na Gaeltachta website www.udas.ie and is available on request.

Official Languages Act 2003

Údarás na Gaeltachta comes under the remit of the Official Languages Act 2003 which was signed into law on 14 July 2003. An tÚdarás complies with the provisions of the Act.

Protected Disclosures

In accordance with the legal requirement under section 21 of the Protected Disclosures Act, 2014, Údarás na Gaeltachta has established and maintains procedures for the making of protected disclosures by workers employed, or formerly employed by Údarás na Gaeltachta and for dealing with any disclosures made. Staff received written information from Údarás na Gaeltachta in relation to protected disclosures procedures.

No protected disclosures were made to Údarás na Gaeltachta in 2023.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Baineann an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig i bhfeidhm an 02 Eanáir 1998, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, a tháinig i bhfeidhm i Lúnasa 2002, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012, a tháinig i bhfeidhm i Márta 2013, le hÚdarás na Gaeltachta. Is é beartas an Údaráis a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras, faoi réir dóthain cistí a bheith ar fáil.

Tá forálacha sonracha i bhfeidhm a thugann deis gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí faoina ndáta dlite. Déantar tuairisc ar shonraisc ar bhonn laethúil agus déantar íocaíochtaí seachtainiúla lena chinntiú go ndéantar íocaíocht phras. Tá na forálacha seo deartha chun deimhniú réasúnta, cé nach deimhniú cinnte é, a thabhairt in aghaidh neamhchomhlíonadh an Achta agus na Rialachán. De bhun cinnidh Rialtais, is gá d'eagraíochtaí neamhthráchtála Stáit, Údarás na Gaeltachta san áireamh, cloí le treoracha faoina n-íoctar soláthraithe laistigh de 15 lá ó fhaightear sonrasc bailí uathu ó 01 Iúil 2011. Foilsítear eolas ráithiúil ar chur i bhfeidhm an chinnidh seo ar láithreán gréasáin an Údaráis www.udaras.ie.

Seo a leanas achoimre den eolas sin don bhliain go 31 Nollaig 2023.

Prompt Payment of Accounts Act, 1997

Údarás na Gaeltachta comes under the remit of the Prompt Payment of Accounts Act, 1997, which came into effect on 02 January 1998, the European Communities (Late Payment in Commercial Transactions) Regulations 2002, which came into effect in August 2002, and the European Communities (Late Payment in Commercial Transactions) Regulations 2012, which came into effect in March 2013. It is the policy of Údarás na Gaeltacht to ensure that all invoices are paid promptly, subject to sufficient funds being available.

Specific provisions are in place to enable all invoices to be tracked and to ensure that payments are made by their due date. Invoices are logged daily and weekly payment runs are carried out to ensure prompt payment. These controls are designed to provide reasonable, though not absolute assurance against non-compliance with the Act and Regulations. From 01 July 2011, in accordance with a Government decision, non-commercial State agencies, including Údarás na Gaeltachta, are obliged to pay suppliers within 15 days of receipt of a valid invoice. Quarterly reports on the implementation of this decision are published on the Údarás website www.udaras.ie.

A summary of that information for the year to 31st December 2023 can be found herein

Eolas don nóta ar íocaíocht Pras sa chuntas	Uimhir	Luach €	Céatadán (%) de líon iomlán na-íocaíochtaí déanta
Líon na n-íocaíochtaí déanta laistigh de 15lá	3,793	11,420,210.63	55.50%
Líon na n-íocaíochtaí déanta laistigh 16 agus 30 lá	1,899	6,953,245.74	27.79%
Líon na n-íocaíochtaí déanta de bhreis ar 30 lá	1,142	3,155,158.83	16.71%
Líon íocaíochtaí sa tréimhse	6,834	21,528,615.20	100.00%

Tiomantas Údarás na Gaeltachta maidir le héifeachtacht fuinnimh

Údarás na Gaeltachta's commitment to energy efficiency

Aithníonn Údarás na Gaeltachta go bhfuil clár uaillmhianach éifeachtúlachta fuinnimh ag teastáil ar fud na réigiún Gaeltachta chun Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais a bhaint amach. Tá gealltanais tugtha ag an eagraíocht ídiú fuinnimh ina heastáit tionsclaíocha agus páirceanna gnó a laghdú 40% roimh 2030, agus tacaíocht á tabhairt do chomhlachtaí cliaint san aistriú chuig oibríochtaí níos glaise.

Tá an clár infheistíochta caipitil a bhainistíonn athchóiriú na bhfoirgneamh atá faoi úinéireacht an Údaráis ar fud a phunann maoine agus foirgnimh nua á thiomáint go forleathan ag riachtanas an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Éilíonn ár dtiomantas spriocanna Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2030 a bhaint amach anailís chuimsitheach bonneagair. I measc na bpríomhréimsí fócais tá uasghrádú ár n-ionad cóireála (chun úsáid fuinnimh a bharrfheabhsú mar aon le soláthar PV ag na saoráidí seo), athsholáthar coirí breosla iontaise, agus éilíonn ár stoc foirgneamh athchóiriú forleathan chun caighdeán nua feidhmíochta fuinnimh a chomhlíonadh.

Thaifead Údarás na Gaeltachta laghdú iomlán fuinnimh de 123% ar fud a phunann maoine in 2023 i gcomparáid le 2022. Laghdaigh tomhaltas leictreachais ar fud na heagraíochta 123%, go príomha trí ABC. Thit úsáid fuinnimh téimh 123% tar éis rialuithe téimh nua-aimseartha agus feabhsúcháin ar fhabric na bhfoirgneamh a shuiteáil.

Údarás na Gaeltachta recognises that an ambitious energy efficiency programme is required across Gaeltacht regions in order to achieve the Governments Climate Action Plan. The organization has pledged to reduce energy consumption in its industrial estates and business parks by 40% before 2030, while supporting client companies in their transition to greener operations.

The capital investment programme which manages the retrofitting of Údarás-owned buildings across its property portfolio and new builds has been extensively driven by the requirement of the Climate Action Plan.

Our drive to meet its 2030 Climate Action Plan targets requires comprehensive infrastructure analysis. Key focus areas include upgrading of our treatment plants (to optimise energy usage along with the provision of PV at these facilities), the replacement of fossil fuel boilers, while our building stock demands widespread retrofitting to meet new energy performance standards.

Údarás na Gaeltachta recorded a total energy reduction of 123% across its property portfolio in 2023 versus 2022. Electricity consumption across the estate decreased by 123%, primarily through ABC. Heating energy usage dropped 123% following the installation of modern heating controls and building fabric improvements.



Gníomhaíochtaí sábhála fuinnimh atá beartaithe

Tá cur chuige céimnithe á ghlacadh ag Údarás na Gaeltachta i leith feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh, ag tosú le hathbhreithniú cuimsitheach fuinnimh ar gach maoin agus bonneagar. Déanfaidh measúnóirí neamhspleácha suirbhéanna mionsonraithe ar fhoirgnimh agus measúnuithe ar fheidhmíocht fuinnimh chun príomhréimsí feabhsúcháin a aithint.

Déanfar rangú ar mhaoine bunaithe ar thomhaltas reatha fuinnimh, coigiltí féideartha, agus costais cur i bhfeidhm. I measc na bpríomhthionscnamh tá uasghrádú go córais soilsithe LED agus teicneolaíocht pump teasa a chur i bhfeidhm. Cuirfear feabhsúcháin ar imchlúdach foirgneamh i bhfeidhm, lena n-áirítear insliú feabhsaithe agus uasghráduithe fuinneog. Cuirfear suiteálacha PV gréine i bhfeidhm ar fud spásanna dín oiriúnacha, agus déanfar bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a leathnú.

Gníomhaíochtaí sábhála fuinnimh atá beartaithe

Údarás na Gaeltachta is adopting a phased approach to energy efficiency improvements, beginning with comprehensive energy review across all properties and infrastructure. Independent assessors will conduct detailed building surveys and energy performance evaluations to identify key improvement areas. Properties will be ranked based on current energy consumption, potential savings, and implementation costs.

Key initiatives include upgrading to LED lighting systems and implementing heat pump technology. Building envelope improvements, including enhanced insulation and window upgrades will be rolled out. Solar PV installations will be rolled out across suitable rooftop spaces, while electric vehicle charging infrastructure will be expanded.

Tuarascáil Bhliaintúil

Airgeadais 2023

Annual Financial Report 2023

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	44
Governance Statement and Board Members' Report	
Ráiteas um Rialú Innheánach	52
Statement on Internal Control	
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais	56
Report of the Comptroller and Auditor General for presentation to the Houses of the Oireachtas	
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coiméadta	61
Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves	
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	62
Statement of Comprehensive Income	
Ráiteas Staid Airgeadais	63
Statement of Financial Position	
Ráiteas Sreabhadh Airgid	64
Statement of Cash Flows	
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	65
Notes to the Financial Statements	
Sceideal 1	85
Schedule 1	

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Governance Statement and Board Members' Report

Rialachas

Is comhlacht corpraithe é Údarás na Gaeltachta arna bhunú ag Acht Údarás na Gaeltachta 1979 agus feidhmíonn sé faoi shainchúram na Roinne Turasóireacht, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán de réir fhorálacha na hAchtanna um Údarás na Gaeltachta 1979 go 2010, arna leasú ag Acht na Gaeltachta 2012. Ceapann an tAire Turasóireacht, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán na comhaltaí boird. Tá aidhmeanna Údarás na Gaeltachta leagtha amach i gCuid 8 go 10 de Acht 1979 mar atá leasaithe i gCuid 17 agus 18 de Acht na Gaeltachta 2012. Tá an Bord freagrach as rialachas maith a chinntiú agus cuireann sé i bhfeidhm é seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a thógáil ar gach mír ghnó.

Is é an Príomhfheidhmeannach agus na bainisteoirí sinsearacha atá freagrach as bainistiú Údarás na Gaeltachta ó lá go lá. Caithfidh an Príomhfheidhmeannach agus na bainisteoirí sinsearacha na teoracha leathan straitéiseach atá eisithe ag an mBord a leanúint agus cinntiú go bhfuil tuiscint soiléir ag na comhaltaí boird faoi na príomh ghníomhaíochtaí a bhaineann leis agus faoi aon mhór riosca a d'fhéadfadh éirí as. Is é an Príomhfheidhmeannach an príomh theagmlaí idir an Bord agus bainistíocht an Údaráis.

Governance

Údarás na Gaeltachta is a corporate body established by the Údarás na Gaeltachta Act 1979 and it operates under the aegis of the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media in accordance with the provisions of the Údarás na Gaeltachta Acts, 1979 to 2010, as amended by the Gaeltacht Act 2012. The Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media appoints the board members. The functions of Údarás na Gaeltachta are set out in Section 8 to 10 of the 1979 Act as amended in Section 17 and 18 of the Gaeltacht Act 2012. The Board is responsible for ensuring good governance and performs this task by setting strategic objectives and targets and taking strategic decisions on all key business issues.

The regular day-to-day management, control and direction of Údarás na Gaeltachta are the responsibility of the Chief Executive Officer (CEO) and the senior management team. The CEO and the senior management team must follow the broad strategic direction set by the Board, and must ensure that all Board members have a clear understanding of the key activities related to the entity, and of any significant risks likely to arise. The CEO acts as a direct liaison between the Board and management of Údarás.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá Bord Údarás na Gaeltachta freagrach as straitéis agus polasaithe ginearálta Údarás na Gaeltachta. Ceadáíonn an Bord infheistíochtaí, scéimeanna tacaíochta agus ceannachán nó díolachán maoine a dhéanann an eagraíocht ar mhaithe le forbairt fiontair agus cruthú fostaíochta, cur chun cinn na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh, chomh maith le forbairt phobail na Gaeltachta.

De réir Alt 18 (1) den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979 ní mór don Údarás ráitis airgeadais a réiteach in cibé leagan a aontaíonn an tAire, le comhaontú ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe. Agus iad ag réiteach na ráiteas seo, ní mór don Údarás:

- polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnótha leantaigh, ach amháin sa chás nach mbeadh sé ciallmhar a cheapadh go leanfadh an Bord air ag feidhmiú;
- luaigh ar leanadh caighdeáin chuntasáíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a bheith nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais;

Tá dualgas ar an mBord cuntais chearta a thugann léargas de chruinneas réasúnach ar stádas airgeadais an Bhoird ag am ar bith, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go n-aontaíonn na ráitis le hAlt 18 (1) den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, a choimeád. Tá dualgas ar an mBord chomh maith sócmhainní an Údaráis a chosaint agus dá bharr sin, gach ní atá réasúnta a dhéanamh chun aon chalaois nó aon ghnóthaí cama a chosc agus a thabhairt faoi deara.

Is é dearcadh an Bhoird ná go dtugann ráitis airgeadais Údarás na Gaeltachta léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais Údarás na Gaeltachta ag 31 Nollaig 2023.

Board Responsibilities

The Board of Údarás na Gaeltachta is responsible for the broad strategies and policies of Údarás na Gaeltachta. The Board approves investments, support schemes and the purchase and sale of assets undertaken by the authority for the purposes of enterprise development and employment creation, the promotion of the Irish language and culture and the development of Gaeltacht communities.

Section 18 (1) of the Údarás na Gaeltachta Act, 1979 requires An tÚdarás to prepare financial statements in such form as may be approved by the Minister, with the concurrence of the Minister for Public Expenditure, National Development Plan Delivery and Reform. In preparing those financial statements, An tÚdarás is required to:

- select suitable accounting policies and then apply them consistently;
- make judgements and estimates that are reasonable and prudent;
- prepare the financial statements on the going concern basis unless it is inappropriate to presume that the Údarás will continue in operation;
- state whether applicable accounting standards have been followed, subject to any material departures disclosed and explained in the financial statements;

The Board is responsible for keeping proper accounting records which disclose with reasonable accuracy at any time the financial position of the company, and to enable it to ensure that the financial statements comply with Section 18 (1) of the Údarás na Gaeltachta Act, 1979. The Board is also responsible for safeguarding the assets of the company and hence for taking reasonable steps for the prevention and detection of fraud and other irregularities.

The Board considers that the financial statements of Údarás na Gaeltachta gives a true and fair view of the financial performance and the financial position of Údarás na Gaeltachta at 31 December 2023.

Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach agus aon déag gnáthchomhalta, iad ar fad ceaptha ag an Aire Turasóireacht, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, ar an mBord.

Board Structure

The Board consists of a Chairperson and eleven ordinary members, all of whom are appointed by the Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media.

Ball Bord	Ról	Téarma Oifige
Board member	Role	Term of office
Anna Ní Ghallachair	An Cathaoirleach/Chairperson	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Séamus Cosáí Mac Gearailt	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Ian Mac Aindriú	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Eunan Mac Cuinneagáin	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Seosamh Ó Laoi	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
John Shéamus Ó Fearraigh	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Seán Mac Congamhna	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Séamus Breathnach	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Siobhan Seoighe	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Gobnait Ní Mhuimhneachain	Gnáthchomhalta/Ordinary member	01/03/2021 go/to 28/02/2023
Mary Uí Chadhain	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Mary Uí Chadhain	An Cathaoirleach/Chairperson	15/02/2023 go/to 31/12/2023
Mary Uí Chadhain	Gnáthchomhalta/Ordinary member	01/01/2024 go/to 31/12/2024
Debra Ní Shuilleabháin	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Debra Ní Shuilleabháin	Gnáthchomhalta/Ordinary member	15/02/2023 go/to 26/09/2023
Pádraig Mac an Iomaire	Gnáthchomhalta/Ordinary member	15/02/2023 go/to 31/12/2024
Anthony Molloy	Gnáthchomhalta/Ordinary member	15/02/2023 go/to 31/12/2024
Pádraic Ó Conaire	Gnáthchomhalta/Ordinary member	15/02/2023 go/to 31/12/2024
Breandán Mac Gearailt	Gnáthchomhalta/Ordinary member	15/02/2023 go/to 31/12/2024
Joe Conway	Gnáthchomhalta/Ordinary member	15/02/2023 go/to 31/12/2024
Sonya Uí Shíoda	Gnáthchomhalta/Ordinary member	26/09/2023 go/to 31/12/2024
Máire Áine Uí Ailín	Gnáthchomhalta/Ordinary member	26/09/2023 go/to 31/12/2024
Caitlín Ní Bhroin	Gnáthchomhalta/Ordinary member	26/09/2023 go/to 31/12/2024
Míchéal Ó Drisleáin	Gnáthchomhalta/Ordinary member	26/09/2023 go/to 31/12/2024
Seán Ó Cuireáin	Gnáthchomhalta/Ordinary member	26/09/2023 go/to 31/12/2024

Rinne an Bord Athbhreithniú seachtrach ar Éifeachtach agus Mheastóireacht Boird in 2021.

The Board conducted an external Board Effectiveness and Evaluation Review in 2021.

Tá dhá choiste bunaithe ag an mBord mar seo a leanas:

The Board has established two committees as follows:

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca: ar a bhfuil cheithre chomhalta agus ball amháin neamhspleách. Scrúdaíonn an coiste seo ráitis airgeadais, cúrsaí rialachais chorparáidigh agus bainistíochta riosca, tuairiscí ón bhfeidhm Iniúcháireachta Inmheánaí agus ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus obair eile a dhéantar i dtaca leis an eagraíocht agus lena chuid fochuideachtaí.

Audit and Risk Committee: comprises four Board members and one independent member. This committee examines financial statements, corporate governance and risk management matters, reports from the Internal Audit function and from the Comptroller and Auditor General, and other work carried out in relation to the organisation and its subsidiary companies.

Féach thíos liosta de bhaill an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a bhí ag feidhmiú in 2023:

- Breandán Mac Gearailt, Cathaoirleach ar feadh trí chruinniú
- Sonya Uí Shíoda, Cathaoirleach do chruinniú amháin
- Mary Uí Chadhain
- Seán Ó Cuireáin
- Caitlín Ní Ghabháin (external member)

Tháinig an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile ceithre huairé in 2023.

An Coiste Meastóireachta: Ar an gcoiste sin bíonn an Cathaoirleach, comhalta boird agus an Príomhfheidhmeannach mar aon le hionadaí an ceann ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, ón nGníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire) agus ó Fhiontraíocht Éireann. Is coiste reachtúil é seo a dhéanann meastóireacht ar thionscadail mhóra agus a chuireann moltaí chuig an mBord.

Ní raibh aon chruinniú ag an gcoiste seo le linn 2023.

The members of the 2023 Audit and Risk Committee were as follows:

- Breandán Mac Gearailt, Chairperson for three meetings
- Sonya Uí Shíoda, Chairperson for one meeting
- Mary Uí Chadhain
- Seán Ó Cuireáin
- Caitlín Ní Ghabháin (external member)

The Audit and Risk Committee met 4 times in 2023.

Evaluation Committee: comprises the Chairperson, one board member and the Chief Executive as well as one representative each from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, from IDA (Ireland) and from Enterprise Ireland. This statutory committee evaluates largescale projects and makes recommendations to the Board.

No meetings of this committee were held in 2023.

Sceideal Freastail, Táillí agus Costais

Tá sceideal freastail na gcrúinnithe Boird agus Coistí do 2023 thíos chomh maith le táillí agus costais a fuair gach comhalta.

Schedule of Attendance, Fees and Expenses

A schedule of attendance at the Board and Committee meetings for 2023 is set out below including the fees and expenses received by each member.

	An Bord	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	Táille	Costais Taistil	
	Board	Audit and Risk Committee	Fee	Expenses	
Líon cruinnithe					
No. of meetings	9	4			
Anna Ní Ghallachair	1	-	483	1,135	Nóta/ Note 2
Séamus Cosaí Mac Gearailt	1		310	0	Nóta/ Note 2
Ian Mac Aindriú	1		310	0	Nóta/ Note 2
Eunan Mac Cuinneagáin	1		310	1,239	Nóta/ Note 2
Seosamh Ó Laoi	1		310	0	Nóta/ Note 2
John Shéamuis Ó Fearraigh	1		310	0	Nóta/ Note 2
Seán Mac Congamhna	1		310	0	Nóta/ Note 2
Séamus Breathnach	1		310	0	Nóta/ Note 2
Siobhan Seoighe	1		0	1,271	Nóta/ Note 1,2
Gobnait Ní Mhuimhneachain	1		1,283	924	Nóta/ Note 3
Mary Uí Chadhain	9	4	10,820	3,895	
Debra Ní Shuilleabháin	6		0	0	Nóta/ Note 1,4
Pádraig Mac an Iomaire	7		6,756	1,069	Nóta/ Note 5
Anthony Molloy	8		0	3,400	Nóta/ Note 1,5
Pádraic Ó Conaire	6		6,756	0	Nóta/ Note 5
Breandán Mac Gearailt	7	4	6,756	4,639	Nóta/ Note 5
Joe Conway	7		6,413	3,192	Nóta/ Note 5
Sonya Uí Shíoda	3	1	0	0	Nóta/ Note 1,6,7
Máire Áine Uí Ailín	3		0	482	Nóta/ Note 1,6,
Caitlín Ní Bhroin	3		0	1,833	Nóta/ Note 1,6,
Míchéal Ó Drisleáin	3		2,031	1,325	Nóta/ Note 6
Seán Ó Cuireáin	3	0	2,031	2,569	Nóta/ Note 6,7
			45,499	26,973	

Baineann na costais seo le costas freastail ar chruinnithe boird, cruinnithe boird fhochuideachta agus ar chruinnithe agus ar imeachtaí eile ina ról mar chomhaltaí an Údaráis.

Nóta 1: Bhí sé bhall boird nach bhfuair táille boird faoin bprionsabal Duine Amháin, Tuarastal Amháin.

Nóta 2: I mbun oifige go 15 Eanáir 2023, tréimhse le cruinniú amháin.

Nóta 3: I mbun oifige go 28 Feabhra 2023, tréimhse le cruinniú amháin.

Nóta 4: I mbun oifige go 26 Meán Fómhair 2023, tréimhse le seacht gcrúinniú.

Nóta 5: I mbun oifige ó 15 Feabhra 2023, tréimhse le hocht gcrúinniú.

Nóta 6: I mbun oifige ó 26 Meán Fómhair 2023, tréimhse le trí chruinniú.

Nóta 7: I mbun oifige ó 26 Meán Fómhair 2023, tréimhse le cruinniú amháin den choiste iniúchta agus riosca.

The expenses relate to attendance at board meetings, subsidiary board meetings and other meetings and events in their role as board members.

Note 1: There were six board members who did not receive a board fee under the One Person One Salary principle.

Note 2: In office until 15 January 2023, a period with one meeting.

Note 3: In office until 28 February 2023, a period with one meeting.

Note 4: In office until 26 September 2023, a period with seven meetings.

Note 5: In office from 15 February 2023, a period with eight meetings.

Note 6: In office from 26 September 2023, a period with three meetings.

Note 7: In office from 26 September 2023, a period with one audit and risk committee meeting.

Príomhathruithe Pearsanra

Ní raibh aon athraithe i 2023

Nochtuithe a éilíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcloíonn Údarás na Gaeltachta le riachtanais an Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú (“an Cód”) mar a bhí foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

Briseadh Síos ar Shochair Ghearrthéarmacha fostaithe

Ráinse shochair iomláin fostaithe

Key Personnel Changes

There were no changes in 2023

Disclosures required by Code of Practice for the Governance of State Bodies (2016)

The Board is responsible for ensuring that Údarás na Gaeltachta has complied with the requirements of the Code of Practice for the Governance of State Bodies (“the Code”), as published by the Department of Public Expenditure and Reform in August 2016. The following disclosures are required by the Code:

Employee Short-Term Benefits Breakdown

Range of total employee benefits

	Líon Fostaithe	
	Number of Employees	
Ó/From Chuig /To	2023	2022
€60,000 – €69,999	15	19
€70,000 – €79,999	6	6
€80,000 – €89,999	13	9
€90,000 – €99,999	9	12
€100,000 – €109,999	0	2
€110,000 – €119,999	6	5
€120,000 – €129,999	5	2
€130,000 – €139,999	0	1
€140,000 – €149,999	0	0
€150,000 – €159,999	1	0
€160,000+	0	0

Nóta: D’aidhm an nochta seo, tá tuarastal san áireamh i sochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhísí a thug siad i rith na tréimhse tuairiscithe, ach níl ÁSPC fostóra.

Note: For the purpose of this disclosure, short-term employee benefits in relation to services rendered during the reporting period include salary but exclude employer’s PRSI.

Costais Chomhairleoireachta

Cuimsíonn costais chomhairleoireachta costas na comhairle seachtraí a thugtar don bhainistíocht agus ní chuimsíonn siad feidhmeanna seachfhoinsithe “gnó-mar-is gnách”.

Consultancy Costs

Consultancy costs include the cost of external advice to management and exclude outsourced “business-as-usual” functions.

	2023	2022	
Comhairle Airgeadais	0	5,173	Financial Advice
Comhairle Dlí	14,835	24,836	Legal Advice
Teicneolaíocht Fáisnéise	0	81,668	Information Technology
Acmhainní Daonna	0	34,577	Human Resources
Forbairt Gnó	0	0	Business Development
Eile	54,444	73,980	Other
Costas Iomlán Comhairleoireachta	69,279	220,234	Total Consultancy costs
Costais chomhairleoireachta chaipitlithe	0	81,668	Consultancy costs capitalised
Costais chomhairleoireachta muirearaithe do loncam agus Caiteachas agus Cúlchiste loncam Coimeádta.	69,279	138,566	Consultancy costs charged to the Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves.
Iomlán	69,279	220,234	Total

Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí

Níor thabhaigh Údarás na Gaeltachta aon chaiteachas maidir le costais dlí agus socraíochtaí in 2023

Legal Costs and Settlements

Údarás na Gaeltachta incurred no expenditure in relation to legal costs and settlements in 2023

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Travel and Subsistence expenditure

Baile	2023	2022	Domestic
Bord	26,975	48,604	Board
Fostaithe*	301,522	278,229	Employees*
Idirnáisiúnta			International
Bord	0	3,080	Board
Fostaithe*	39,406	28,486	Employees
	367,903	358,399	

*Baineann €28,002 (2022 – €27,829) de seo le taisteal fostaithe tograí eorpacha atá gearrtha amach ar na tograí (féach nóta 5b).

*€28,002 (2022-€27,829) of this relates to expenses of the employees of the european projects that is charged to the projects. (See note 5b).

Caiteachas Fáilteachais

Hospitality Expenditure

	2023	2022	
Cuimsíonn an cuntas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchiste loncaim Coimeádta an caiteachas féilteachais seo a leanas:	€	€	The Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves account includes the following hospitality expenditure:
Fáilteachas Foirne	7,732	5,789	Staff Hospitality
Fáilteachas Cliaint	6,083	7,313	Client hospitality
Iomlán	13,815	13,102	Total

Ráiteas Comhlíontachta

Tá An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glachta ag an mBord agus tá gnáthaimh i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar an cód. Chomhlíon Údarás na Gaeltachta an Cód Cleachtais cé is moite de chuid de na riachtanais a bhain le maoiniú deontais. Tá maolú lorgtha ag Údarás na Gaeltachta i dtaca leis an riachtanas do cheadú chun deontais a réamh-mhaoiniú agus an riachtanas atá ar dheontaithe sonraí maidir le deontais ó Údarás na Gaeltachta a nochta ina ráitis airgeadais



Siobhán Ní Ghadhra
Cathaoirleach



Sonya Uí Shíoda
Comhalta

17 Nollaig 2024

Statement of Compliance

The Board has adopted the Code of Practice for the Governance of State Bodies (2016) and has put procedures in place to ensure compliance with the code. Údarás na Gaeltachta was in compliance with the Code of Practice with the exception of some of the requirements in relation to grant funding. Údarás has sought derogations in relation to the requirement for sanction to pre-fund grants and the requirement for grantees to disclose details of Údarás grants in their financial statements.

Ráiteas um Rialú Inmheánach

Statement on Internal Control

Scóip na Freagrachta

Thar ceann Bhord Údarás na Gaeltachta, admhaím an fhreagracht atá orainn lena chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á chothabháil agus á fheidhmiú.

Cuireann an fhreagracht seo san áireamh riachtanais an Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnach agus ní ráthaíocht iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir na dtreoirilínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 agus go dtí an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais.

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag Údarás na Gaeltachta ar a bhfuil ceathrar comhaltaí boird agus ball seachtrach le saineolas airgeadais agus iniúcháireachta. Tháinig an Coiste le chéile cheithre huaire in 2023. Ghlac an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca leis an bpolasaí bainistiú riosca a leagann síos an próiseas riosca.

Scope of Responsibility

On behalf of the Board of Údarás na Gaeltachta, I acknowledge our responsibility for ensuring that an effective system of internal control is maintained and operated.

This responsibility takes account of the requirements of the Code of Practice for the Governance of State Bodies (2016).

Purpose of the System of Internal Control

The system of internal control is designed to manage risk to a tolerable level rather than to eliminate it. The system can only provide reasonable and not absolute assurance that assets are safeguarded, transactions authorised and properly recorded, and that material errors or irregularities are either prevented or would be detected in a timely period.

The system of internal control, which accords with the guidance issued by the Department of Public Expenditure and Reform has been in place in Údarás na Gaeltachta for year ended 31 December 2023 and up to the date of approval of the financial statements.

Údarás na Gaeltachta has an Audit and Risk Committee (ARC) comprising four Board members and one external member with financial and audit expertise. The ARC met four times in 2023. The ARC accepted the risk management policy that sets out the risk process.

Cumas chun Riosca a láimhseáil

Tá Seirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí, a fheidhmíonn de réir an Chód Frámaíochta um Scothcleachtas atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, á soláthar don Údarás. Tá feidhm an iniúchta inmheánaigh seachfhoinisithe chuig comhlacht cuntasáíochta neamhspleách. Cuireann obair na Seirbhíse sin san áireamh an anailís a dhéantar ar rioscaí a d'fhéadfadh dul i gcion ar an eagraíocht agus bunaítear pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí ar an anailís sin. Formhuiníonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca anailís na rioscaí agus na pleananna iniúcháireachta inmheánaí. Ar a laghad uair amháin sa bhliain cuireann an tSeirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí tuairisc ar fáil don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar ghníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaí. Léiríonn an tuairisc tuairim na Seirbhíse ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistiú riosca i bhfeidhm ag Údarás na Gaeltachta a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh-rioscaí agus na gníomhartha atá i bhfeidhm ag an mbainistíocht le dul i ngleic leo, agus chomh fada agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú. Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomh-rioscaí d'Údarás na Gaeltachta agus tá siad seo aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhacht.

Tá céimeanna tógtha ag an mBord lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe oiriúnaigh i bhfeidhm trí:

- Shainú soiléir a dhéanamh ar fhreagrachtaí agus ar chumhachtaí na bainistíochta;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Cultúr freagrachta a fhorbairt ar fud gach leibhéal den eagraíocht.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Cineál, fairsinge agus impleachtaí airgeadais rioscaí a bhfuil aghaidh le tabhairt ag an gcomhlacht orthu a aithint lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé atá inghlactha;
- Measúnacht a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlódh na rioscaí a aithníodh;
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ar spriocanna Údarás na Gaeltachta agus go bhfuil tacaíocht ann do na straitéisí chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Capacity to Handle Risk

An Internal Audit Service is provided to Údarás na Gaeltachta which operates in accordance with the Framework Code of Best Practice set out in the Code of Practice on the Governance of State Bodies. The internal audit function is outsourced to an independent accountancy firm. The work of that Service is informed by analysis of the risk to which the body is exposed, and annual internal audit plans are based on this analysis. The analysis of risk and the internal audit plans are endorsed by the Audit and Risk Committee. At least annually, the Internal Audit Service provides the Audit and Risk Committee with a report of internal audit activity. The report reflects the opinion of the Internal Audit Service on the adequacy and effectiveness of the system of internal control.

Risk and Control Framework

Údarás na Gaeltachta has implemented a risk management system which identifies and reports key risks and the management actions being taken to address and, to the extent possible, to mitigate those risks. A risk register is in place which identifies the key risks facing Údarás na Gaeltachta and these have been identified, evaluated and graded according to their significance.

The Board has taken steps to ensure an appropriate control environment is in place by:

- Clearly defining management responsibilities and powers;
- Establishing formal procedures for monitoring the activities and safeguarding the assets of the organisation;
- Developing a culture of accountability across all levels of the organisation.

The Board has established processes to identify and evaluate business risks by:

- Identifying the nature, extent and financial implication of risks facing the body including the extent and categories which it regards as acceptable;
- Assessing the likelihood of identified risks occurring;
- Working closely with Government and various agencies to ensure that there is a clear understanding of Údarás na Gaeltachta's goals and support for the strategies to achieve those goals.

Maidir leis na bhfochuideachtaí atá ar lánúinéireacht; Muintearas Teo, Ealaín (na Gaeltachta) Teo, Seirbhísí Forbartha Gnó CGA agus MIDC Páirc na Mara CGA tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe oiriúnaigh a chinntiú trí:

- Bhall a cheapadh ar Bhord an dá fhochuideachta;
- Chathaoirleach na gceithre fhochuideachta a bheith ag tuairisciú chuig Cathaoirleach Bhord Údarás na Gaeltachta ag dearbhú go bhfuil siad ag comhlíonadh na gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú;
- Iniúchóir ar leith a bheith ag na fochuideachtaí ach go mbeadh siad faoi réir iniúchadh inmheánach ag Údarás na Gaeltachta;

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat eolais bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin ar a n-áirítear scaradh dualgas, agus córas tarmilgín agus cuntasachta. Áirítear ann ach go háirithe:

- Córas buiséadta cuimsitheach le buiséad bliantúil a chomhaontaíonn agus a athbhreithníonn Bord Údarás na Gaeltachta;
- Athbhreithnithe rialta ag Bord Údarás na Gaeltachta ar thuairiscí bliantúla airgeadais agus tréimhsiúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí;
- Spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- Treoirínte rialaithe infheistíochta caipitil sainithe go soiléir;
- Disciplíní foirmiúla do bhainistíocht tionscadal.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm ag Údarás na Gaeltachta le cinntiú go gcloítear le rialacha agus treoracha reatha soláthar. Aibhsítear thíos nithe a thagann chun cinn i dtaca le rialuithe maidir le soláthar faoi Rialú Inmheánach.

In relation to the wholly owned subsidiaries; Muintearas Teo, Ealaín (na Gaeltachta) Teo, Seirbhísí Forbartha Gnó CGA agus MIDC Páirc na Mara CGA, the Board has taken steps to ensure an appropriate control environment by:

- Appointing a member to the Board of each subsidiary;
- The chairperson of each subsidiary reporting to the Chairperson of the Board of Údarás na Gaeltachta confirming compliance with the Code of Practice for the governance of State Bodies;
- The subsidiaries having separate auditors but subject to Internal audit by Údarás na Gaeltachta;

Ongoing Monitoring and Review

The system of internal control is based on a framework of regular management information, administration procedures including segregation of duties, and a system of delegation and accountability. In particular it includes:

- A comprehensive budgeting system with an annual budget which is reviewed and agreed by the Board of Údarás na Gaeltachta;
- Regular reviews by the Board of Údarás na Gaeltachta of periodic and annual financial reports which indicate financial performance against forecasts;
- Setting targets to measure financial and other performance;
- Clearly defined capital investment control guidelines;
- Formal project management disciplines.

Procurement

I confirm that Údarás na Gaeltachta has procedures in place to ensure compliance with current procurement rules and guidelines. Matters arising regarding controls over procurement are highlighted under Internal Control Issues below.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm ag Údarás na Gaeltachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a ghnáthaimh bainistíochta riosca agus rialaithe. Bíonn obair na Seirbhíse Iníúcháireachta Inmheánaí, An Choiste Iníúcháireachta agus Riosca a mhaoirsíonn obair na Seirbhíse sin, bhainisteoirí feidhmeanna laistigh d'Údarás na Gaeltachta atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat oibre rialaithe airgeadais, agus ráitis arna ndéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste sa litir bhainistíochta, mar bhonn eolais don Bhord agus é ag déanamh monatóireachta agus athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú i mí Mheán Fómhair 2023 ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm i rith na bliana 2023.

Ceisteanna maidir le Rialú Inmheánach

(1) Bailiú Cíosanna

Tá an Bord feasach i dtaobh na saincheisteanna a bhaineann le bailiú cíosanna. Tá céimeanna á nglacadh chun feabhas a chur ar bhailiú fiacha.

(2) Soláthar Neamh-Chomhlíontach

I rith 2023, rinneadh caiteachas €180,507 a thabhtú i ndáil le hearraí agus seirbhísí do 3 soláthróirí áit nár chloígh na nósanna imeachta a leanadh leis na treoirlínte maidir le soláthar. Sa trí chás seo, is tar-rolladh de chonarthaí reatha a bhí i gceist. Déanfar tairiscint ar dhá cheann de na conarthaí seo i ráithe a haon de 2024. I gcás an tríú ceann, tháinig deireadh leis an tseirbhís a chuireadh ar fáil ag deireadh 2023.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird



Siobhán Ní Ghadhra
Cathaoirleach

17 Nollaig 2024

Review of Effectiveness

I confirm that Údarás na Gaeltachta has procedures to monitor the effectiveness of its risk management and control procedures. The Board's monitoring and review of the effectiveness of the system of internal control is informed by the work of the Internal Audit Service, the Audit and Risk Committee which oversees the work of that Service, the executive managers within Údarás na Gaeltachta who have responsibility for the development and maintenance of the financial control framework and comments made by the Comptroller and Auditor General in the management letter.

I confirm that in September 2023 the Board carried out a review of the effectiveness of the system of internal controls in operation during 2023.

Internal Control Issues

(1) Rent Collection

The Board is cognisant of the issues in relation to the collection of rents. Steps are being undertaken to improve the debt collection.

(2) Non-Compliant Procurement

During 2023 expenditure of €180,507 was incurred in relation to goods and services with three suppliers where procedures employed did not comply with procurement guidelines. In all three cases this was due to rollover of existing contracts. Two of these contracts will be tendered for in quarter one of 2024. The service provided by the third contract was terminated at the end of 2023.

Signed on behalf of the Board



Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Report of the Comptroller and Auditor General for presentation to the Houses of the Oireachtas

Údarás na Gaeltachta Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Údarás na Gaeltachta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 mar a éilítear faoi alt 18 den Acht um Údarás na Gaeltachta 1979. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas ioncaim agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coiméadta
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas staid airgeadais
- ráiteas sreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha airgeadais, agus sceideal a haon.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais Údarás na Gaeltachta amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain 2023 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA)102 – An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhmithe sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Údarás na Gaeltachta Opinion on financial statements

I have audited the financial statements of Údarás na Gaeltachta for the year ended 31 December 2023 as required under the provisions of section 8 of the Údarás na Gaeltachta Act 1979. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies, and schedule one.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of Údarás na Gaeltachta at 31 December 2023 and of its income and expenditure for 2023 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 – *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

An bonn atá leis an dtuairim


Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht, arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta d'Ard-Institiúidí Iniúcháireachta. Déantar cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm de réir na gcaighdeán sin. Táim neamhspleách ó Údarás na Gaeltachta agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis ar leith eile curtha i láthair ag Údarás na Gaeltachta in éineacht leis na ráitis airgeadais. Tá an fhaisnéis sin comhdhéanta den tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird, agus an ráiteas um rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i leith faisnéis den chineál sin, agus ar ábhair ar leith eile lena dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam i leith sin.



Seamus Mac Cárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
20 Nollaig 2024

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of Údarás na Gaeltachta and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

Údarás na Gaeltachta has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, including the governance statement and Board members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General
20 December 2024

Aguisin don tuarascáil

Freagrachtaí comhaltaí an Bhoird

Mar atá leagtar amach sa ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird, tá an Bord freagrach as

- na ráitis airgeadais bliantúil a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoin alt 18 den Acht um Údarás na Gaeltachta 1979
- a chinntiú go dtugann na ráitis léargas fíor agus cothrom de réir CTA 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cibé an bhfuil úsáid as an mbonn cuntasaíochta gnóthas leantach oiriúnach, agus
- rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chialais nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 18 den Acht um Údarás na Gaeltachta 1979 ráitis airgeadais Údarás na Gaeltachta a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu chuig Tithe an Oireachtais.

An cuspóir atá agam le linn an iniúchta ná teacht ar dhearbhu réasúnach cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chialais nó earráid. Is ionann dearbhu réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht, ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chialais nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh a sheoltar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil i gcaitheamh an iniúchta. Is mé á dhéanamh sin,

Appendix to this report

Responsibilities of Board members

As detailed in the governance statement and Board members' report, the Board members are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 18 of the Údarás na Gaeltachta Act 1979
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 18 of the Údarás na Gaeltachta Act 1979 to audit the financial statements of Údarás na Gaeltachta and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgement and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- aithním na rioscaí atá ann i leith míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé mar thoradh ar chalaóis nó earráid agus déanaim measúnú orthu; leagaim amach nósanna imeachta iniúchta mar fhreagra ar na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus tagaim ar fhianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le gan míráiteas ábhartha ó chalaóis a bhrath níos airde ná ó earráid mar go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaóis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá ábhartha sna cúinsí atá i gceist, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar ábharthacht na mbeartas cuntasáíochta agus a réasúnach is atá meastacháin chuntasáíochta agus nochtuithe bainteacha.
- Socraím chomh oiriúnach is atá sé úsáid a bhaint as an mbonn cuntasáíochta gnóthas leantach agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a dtagaim air, cibé an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a chaithfeadh amhras suntasach ar chumas Údarás na Gaeltachta leanúint mar ghnóthas leantach. Má shocraím go bhfuil mhíchinnnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtuithe den chineál sin neamhleordhóthanach, mo thuairim a leasú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a dtángthas uirthi go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí amach anseo stop a chur ar Údarás na Gaeltachta leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar an gcur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais tríd is tríd lena n-áirítear na nochtuithe agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a thugann léiriú coir.

Chomh maith le nithe eile, cuirim scóip agus am an iniúchta in iúl dóibhsean atá freagrach as rialachas chomh maith le torthaí suntasacha iniúchta lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa chóras rialaithe inmheánaigh a aithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht, más é mo thuairim,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on Údarás na Gaeltachta's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause Údarás na Gaeltachta to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- cibé an raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun iniúchadh ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair in éineacht leis na ráitis sin agus ní thugaim aon dearbhú ar aon bhealach ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hiniúchadh an t-eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó más léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist sa bhfaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

Tuairisc ar nithe eile

Tugadh faoin iniúchadh de réir breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tuairiscím má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thug m'iniúchadh aird ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coiméadta

Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

for the year ended 31 December 2023

		2023	2022	
	Nótaí	€'000	€'000	
Ioncam:				Income:
Deontais an Oireachtais	2	35,689	34,779	Oireachtas Grants
Ioncam ó Chistí Eile	3	2,831	3,179	Income from Other Funds
Cíosanna ó Mhaoín ar Léas	4	4,561	4,409	Rents from Leased Property
Scéimeanna Fostaíochta agus Sóisialta	5(a)	17,033	17,363	Employment and Social Schemes
Tograí Eorpach Cómhainithe	5(b)	318	412	European Co Funded Projects
Ioncam Eile	6	4,055	3,602	Other Income
Farasbarr/(Easnamh) ar Dhiúscairt Sócmhainní agus Infheistíochtaí	7	473	4,338	Surplus/(Deficit) on Disposal of Assets and Investments
Aisíocaíochtaí Deontas		0	10	Grant Repayments
Maoiniú larchurtha Glan do Shochair Scoir	24(c)	26	(1,118)	Net Deferred Funding for Retirement Benefits
Iomlán an Ioncaim		64,986	66,974	Total Income
Caiteachas:				Expenditure:
Deontais a Íocadh	8	4,525	5,182	Grants Paid
Costais tógála ar mhaoín sheachtrach		0	372	Building costs of an external property
Caiteachas ar thogra tógála nach ndeachaigh ar aghaidh		0	662	Expenditure on a building project that didn't go ahead
Costais Riaracháin	9	8,526	8,585	Administration Costs
Cothabháil agus Bainistiú na Punainne Maoine	10	3,933	5,159	Maintenance and Management of Property Portfolio
Forbairt Teanga, Cultúir agus Pobail	11	11,066	9,209	Language, Culture and Community Development
Costas Iomlán na Sochar Scoir	24(a)	4,594	3,360	Total Retirement Benefits Costs
Scéimeanna Fostaíochta agus Sóisialta	5(a)	17,033	17,363	Employment and Social Schemes
Tograí Eorpacha	5(b)	406	446	European Funded Projects
Dímheas don bhliain		5,846	6,000	Depreciation for the year
Soláthar agus díscríobh infheistíochtaí		275	31	Provisions and write-offs of investments
Iomlán an Chaiteachais		56,204	56,369	Total Expenditure
Farasbarr/(Easnamh) don bhliain		8,782	10,605	Surplus/(Deficit) for the year
Iarmhéid an 1 Eanáir		622	399	Balance at 1 January
Aistriú ón /(chuig an) gCuntas Caipitil	19	(6,315)	(5,579)	Transfer from /(to) Capital Account
Fáltais ó dhíol infheistíochtaí Iníoctha chuig an Státchiste	19	(414)	(4,803)	Proceeds from sale of investments payable to the Exchequer
Iarmhéid an 31 Nollaig 2023		2,675	622	Balance at 31 December 2023

Is i leith gníomhaíochtaí leanúnacha atá na suimeanna a thaispeántar faoi Ioncam agus Caiteachas.

Amounts shown under Income and Expenditure are in respect of continuing activities.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 29 agus Sceideal 1.

The Statement of Cash Flows and Notes 1 to 29 and Schedule 1 form part of the Financial Statements.



Siobhán Ní Ghadhra
Cathaoirleach
17 Nollaig 2024



Sonya Uí Shíoda
Comhalta

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Statement of Comprehensive Income

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 for the year ended 31 December 2023

		2023	2022	
	Nótaí	€'000	€'000	
(Easnamh)/Farasbarr don bhliain		8,782	10,605	(Deficit)/Surplus for year
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Sochar Scoir	24(b)	(328)	25,485	Actuarial Gain/(Loss) on Retirement Benefits Liabilities
Maoiniú larchurtha Sochar Scoir	24(b)	328	(25,485)	Deferred Retirement Benefits Funding
(Caillteanas)/Gnóthachan Aitheanta Iomlán don bhliain		8,782	10,605	Total Recognised (Loss)/Gain for the year

Is i leith gníomhaíochtaí leanúnacha atá na suimeanna a thaispeántar faoi ioncam agus Caiteachas.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 29 agus Sceideal 1.


Siobhán Ní Ghadhra
Cathaoirleach
17 Nollaig 2024

Amounts shown under Income and Expenditure are in respect of continuing activities.

The Statements of Cash Flows and Notes 1 to 29 and Schedule 1 form part of the Financial Statements.


Sonya Uí Shíoda
Comhalta

Ráiteas Staid Airgeadais

Statement of Financial Position

ag 31 Nollaig 2023

as at 31 December 2023

		2023	2022	
	Nótaí	€'000	€'000	
Sócmhainní Dochta Inláimhsithe:				Tangible Fixed Assets:
Maoín, Gleásra agus Trealamh	14	100,220	91,461	Property, Plant and Equipment
Sócmhainní Dochta Airgeadais:				Financial Fixed Assets:
Infheistíochtaí (Sceideal 1)	15	17,387	17,636	Investments (Schedule 1)
Iomlán na Sócmhainní Dochta		117,607	109,097	Total Fixed Assets
Sócmhainní Reatha:				Current Assets:
Infháltais	16	2,442	2,939	Receivables
Airgead sa bhanc agus ar láimh		3,733	8,198	Cash in bank and on hand
		6,175	11,137	
Dlíteanais Reatha:				Current Liabilities:
Suimeanna iníochta	17	(2,471)	(7,312)	Payables
Rótharraingt Bhainc		0	0	Bank Overdraft
Ioncam larchurtha	18	(400)	(376)	Deferred Income
		(2,871)	(7,688)	
Sócmhainní /(Dlíteanais) Glana Reatha		3,304	3,449	Net Current Assets/(Liabilities)
Iomlán na Sócmhainní Lúide Dlíteanais Reatha roimh Sochar Scoir		120,911	112,546	Total Assets less Current Liabilities before Retirement Benefits
Maoiniú larchurtha do Shochair Scoir	24(b)	101,208	100,854	Deferred Retirement Benefits Funding
Dlíteanais Sochar Scoir	24(b)	(101,208)	(100,854)	Retirement Benefits Liabilities
		0	0	
Sócmhainní Iomlána Lúide Dlíteanais Reatha		120,911	112,546	Total Assets less Current Liabilities
Cuntais infhála: Suimeanna a bheidh dlíte tar éis bliana		49	46	Accounts Receivable: Amounts falling due after more than one year
Sócmhainní Glana		120,960	112,592	Net Assets
Maoinithe mar seo a leanas				Financed by
Cuntas Caipitil	19	118,285	111,970	Capital Account
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coiméadta		2,675	622	Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves
		120,960	112,592	

Is cuid de na Ráitis Airgeadais an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 29 agus Sceideal 1.

The Statement of Cash Flows and Notes 1 to 29 and Schedule 1 form part of the Financial Statements.

Arna shíniú ag:



Siobhán Ní Ghadhra
Cathaoirleach, 17 Nollaig 2024



Sonya Uí Shíoda
Comhalta

Ráiteas Sreabhadh Airgid
Statement of Cash Flows

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023for the year ended 31 December 2023

	2023	2022	
	€'000	€'000	
Sreabhadh Airgid Glan ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			Net cash flows from Operating Activities
Farasbarr/(Easnamh) don bhliain	8,782	10,605	Surplus/(Deficit) for the year
Dímheas agus Lagú Sócmhainní Dochta	5,846	6,000	Depreciation and impairment of Fixed Assets
Caiteachas Caipitlithe	(739)	(352)	Expenditure Capitalised
Laghduithe/(Méaduithe) in Infháiltais	497	(5)	Decrease/(Increase) in Receivables
Méaduithe/(Laghduithe) i Suimeanna Iníoctha	(4,841)	5,456	Increase/(Decrease) in Payables
Laghduithe/(Méaduithe) in Infháiltais	(3)	1	Decrease/(Increase) in Receivables:
suimeanna a bheidh dlite tar éis bliana			amounts falling due after more than one year
Ioncam Iarchurtha	24	(1,281)	Deferred income
Soláthairtí agus díscríobh infheistíochtaí	275	31	Provisions and write-offs of investments
Costais tógála ar mhaoin sheachtrach	0	372	Building costs of an external property
Caiteachas ar thogra tógála nach ndeachaigh ar aghaidh	0	662	Expenditure on a building project that didn't go ahead
(Farasbarr)/Easnamh ar Dhíol Sócmhainní agus Infheistíochtaí	(473)	(4,338)	(Surplus)/Deficit on Sale of Assets and Investments
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	9,368	17,151	Net Cash Inflow from Operating Activities
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistithe			Cash Flow from Investing Activities
Íocaíochtaí le Sócmhainní Dochta a fháil	(13,868)	(10,169)	Payments to acquire Fixed Assets
Íocaíochtaí le Infheistíochtaí a fháil	(260)	(975)	Payments to acquire Investments
Fáltais ó Shócmhainní Dochta agus Infheistíochtaí a Dhiúscairt	295	708	Receipts from the Disposal of Fixed Assets and Investments
Glancaiteachas Caipitil	(13,833)	(10,436)	Net Capital Expenditure
Méaduithe/(laghduithe) glan in Airgead agus Coibhéisí Airgid	(4,465)	6,715	Net increase/(decrease) in Cash and Cash Equivalents
Airgead agus Coibhéisí Airgid an 1 Eanáir	8,198	1,483	Cash and Cash Equivalents at 1 January
Airgead agus Coibhéisí Airgid an 31 Nollaig	3,733	8,198	Cash and Cash Equivalents at 31 December

Is cuid de na Ráitis Airgeadais an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 29 agus Sceideal 1.

Arna shiniú ag:

Siobhán Ní Ghadhra
Cathaoirleach
17 Nollaig 2024

The Statement of Cash Flows and Notes 1 to 29 and Schedule 1 form part of the Financial Statements.

Sonya Uí Shíoda

Comhalta

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Notes to the Financial Statements

1. Polasaithe Cuntasaíochta

Tá an bunús cuntasaíochta agus na polasaithe cuntasaíochta tábhachtach atá glactha ag Údarás na Gaeltachta léirithe thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go seasta i rith na bliana agus sa bhliain roimhe.

(a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh Údarás na Gaeltachta ar 1 Eanáir 1980 faoi fhorálacha an Achta um Údarás na Gaeltachta, 1979 agus tá an ardoifig lonnaithe sna Forbacha, Gaillimh. Is é neartú agus buanú na Gaeilge mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta, le cois í a thabhairt mar oidhreacht don chéad ghlúin eile, an bunchuspóir atá ag polasaí Údarás na Gaeltachta. Déanann an tÚdarás gach iarracht an cuspóir seo a bhaint amach trí fhorbairt fiontraíochta agus tionscnaimh chruthaithe fostaíochta a chothú agus a mhaoiniú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí pobail, cultúrtha agus teangabhunaithe.

(b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Údarás na Gaeltachta don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2023 de réir FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhmithe sa Bhreatain agus in Éirinn, eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Cuntasaíochta (FRC).

(c) Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi mhodh fabhráithe cuntasaíochta, seachas mar a léirítear thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm ceadaithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta Spóirt agus Meán faoi chomhchumaracht an Aire Airgeadais de réir Alt 18 den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979. Tá na polasaithe seo a leanas curtha i bhfeidhm go seasta ag déileáil le míreanna atá ábhartha i leith ráitis airgeadais Údarás na Gaeltachta.

(d) Deontais an Oireachtais, Cistí Struchtúrtha an AE agus Aisíocaíochtaí Deontas agus Díbhinní

Comhairítear na nithe seo ar bhonn fáltas airgid thirim.

1. Accounting Policies

The basis of accounting and significant accounting policies adopted by Údarás na Gaeltachta are set out below. They have all been applied consistently throughout the year and the preceding year.

(a) General Information

Údarás na Gaeltachta was established on 1 January 1980 under the provisions of the Údarás na Gaeltachta Act, 1979 and has its head office at Na Forbacha, Gaillimh. The overall objective of Údarás na Gaeltachta is to ensure that Irish remains the main communal language of the Gaeltacht and is passed on to future generations. An tÚdarás endeavours to achieve that objective by funding and fostering a wide range of enterprise development and job creation initiatives and by supporting language, cultural and community-based activities.

(b) Statement of Compliance

The financial statements of Údarás na Gaeltachta for the year ended 31 December 2023 have been prepared in accordance with FRS 102 'The Financial Reporting Standard applicable in the UK and Ireland' issued by the Financial Reporting Council (FRC).

(c) Basis of Preparation

The financial statements have been prepared under the accruals method of accounting, except as indicated below, and in accordance with generally accepted accounting principles under the historical cost convention. The financial statements are in the form approved by the Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media with the concurrence of the Minister for Finance under Section 18 of the Údarás na Gaeltachta Act, 1979. The following accounting policies have been applied consistently in dealing with items which are considered material in relation to Údarás Na Gaeltachta's financial statements.

(d) Oireachtas Grants, EU Structural Funds and Grant Refunds and Dividends

These items are accounted for on a cash receipts basis.

(e) Deontais Iníochta

Comhairítear na nithe seo ar bhonn íocaíochtaí airgid thirim.

(f) Sochair Fostaithe

Feidhmíonn Údarás na Gaeltachta scéim pinsin le sochar sainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhunús íoca mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar fáil agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail foirne.

Is ionann costas na sochar scoir agus na sochair scoir a shaothraíonn na baill foirne sa tréimhse agus léirítear iad mar ghlanchoistas, glan ó ranníocaíochtaí foirne a choinníonn an tÚdarás. Aithnítear suim atá comhionann leis an gcostas sochar scoir mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé infhaighte ar ais, agus go gcuirtear deontais a fhaightear sa bhliain, chun costais sochar scoir a íoc, ina aghaidh.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a thagann as dlíteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim infhaighte ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Léiríonn dlíteanais sochar scoir luach láithreach na n-íocaíochtaí sochar scoir amach anseo atá saothraithe ag an bhfoireann go dáta. Is ionann an maoiniú sochar scoir iarchurtha agus an bhunsócmhainn chomhfhreagrach a gheofar i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Tá Scéim Aonair na Seirbhíse Poiblí um Shochair Scoir (Scéim Aonair) i bhfeidhm ag Údarás na Gaeltachta chomh maith, arb é an scéim sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair gearr-théarma cosúil le pá saoire mar chostas sa bhliain agus áirítear sochair fabhráithe ag deireadh na bliana san figiúr Iníochta san Ráiteas Staid Airgeadais.

(g) Sócmhainní Dochta

Úsáidtear formhór shócmhainní na heagraíochta mar chúnamh don fhorbairt tionscail. Ní bhreathnaítear orthu mar shócmhainní infheistíochta agus áirítear iad sa Ráiteas Staid Airgeadais ar bhonn costais lúide dímhéas carnach.

(e) Grants Payable

Grants are accounted for on a cash payments basis.

(f) Employee Benefits

Údarás na Gaeltachta operates a defined benefit pension scheme which is funded annually on a pay as you go basis from monies available to it, including monies provided by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and from contributions deducted from staff salaries.

